O hAodha, Tomas
Seabhac na ceathramhan caoile

PB
1399
O527
S35

From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile

Dráma Ceiṫre Gníoṁ.

ó láiṁ
Ṫomáis Uí Aoḋa.
úġdar "an Ġioblaċáin" ⁊ "Ṡeaġáin na Scuab."

ar n-a ċur amaċ
do
Ċonnraḋ na Gaeḋilge,
i mBaile Áṫa Cliaṫ.

1906.

Réal a luaċ.

Seabhac

Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile

Dráma Ceiṫre Gníoṁ.

ó láiṁ

Ṫomáis Uí Aoḋa.
úġdar "An Ġioblaċáin" ⁊ "Ṡeaġáin na Scuab."

ar n-a ċur amaċ
do
Ċonnraḋ na Gaeḋilge,
i mBaile Áṫa Cliaṫ.

1906.

Áṫ Cliaṫ:
An Cló-Ċumann (Teóranta), Sráid Ṁór na Tráġa.

LIBRARY
7 JUL 1978
UNIVERSITY OF TORONTO

PB
1399
O527
S35

PREFACE.

Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile, a four act drama, which appeared recently as a serial in An Claiḋeaṁ Soluis, is now presented to the public in book form, and I trust it will receive at least as cordial a welcome as my first dramatic venture, Seaġán na Scuab, received two years ago.

This drama has been founded almost entirely on stories and traditions that I have been listening to since I was a child; and it deals besides with an historical event which has been celebrated in song and story since it occurred, over one hundred and sixty years ago—the Battle of Fontenoy.

The hero of the drama, An Seaḃac, was no myth. He was a son of Miċeál Cuimín, the author of Laoi Oisín, and he lived within a short mile of where I was born. He was an extremely handsome man and of splendid physique. In addition he was possessed of lion-like courage, was a dexterous swordsman, a noted duellist, and the idol of the people amongst whom he lived.

The accompanying poem, which I am afraid is but a fragment, or is at least imperfect, shows what a hold An Seaḃac had on the popular imagination, and what a high place he held in the affections of the people. The poem was taken down from the lips of an old man named Michael O'Connor of Cnoc

Breac near Sráid na Caṫraċ (Miltown Malbay), and I give it exactly as it was dictated to me. I cannot trace the authorship of the lines; but the entire poem with the name of the author will probably be discovered in some of our Clare manuscripts.

SEAḂAC NA CEAṪRAṀAN CAOILE.

Raċfad le fonn gurab toġa na ḃfear fionn
  Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile,
An faraire cabartaċ, bronntaċ, fearaṁail,
  Fonnṁar, flaiṫeaṁail, fíonṁar,
Ṫar a maireann san doṁan ar ḋrom na talṁan
  D'ḟoġluim, ceart, nó dliġe ar biṫ,
'Sé toġfainn mar roġa orṫa labairt mo ċnear-sa
  Do ṫabairt ó'n gcroċ úd, Ínse.

Ó Inis Cluan Ráṁfad' go teora Ṁuirisín Fódraḋ
    an firín sásta,
  Cá ḃfuil a ṡórt a mbórd na gcorn,
Nó an eol diḃ ann níos fearr é ?
  Tá miotal an leoġain ann, clóḋ agus con-ḃriġ,
Spórt is uireasḃaiḋ gnáṫaċ,*
  Tá gile na glóire, cloḋ na haingiliḋe,
Clónraḋ 'gus luisniḋe neaṁḋa tríd.
  S' naċ neáṁaiḋe ċím a ġnaoi 'sa ṗearsa,
'S is binn 's is blasta a ḃréiṫre,
  Go hálainn, íogṁar, tiġeaċt gan ċealg

* My narrator translated this line thus—Sport and other things *besides.*

Gan ṗuimp gan ṁarlaḋ ḋéanaḋ.
   Gráḋ lem' ċroiḋe an Cuimíneaċ greannta,
Líoṁṫa, Laidneaṁail,† léiġeanta,
   'S do ċnáṁ na ríġṫe Ṁíleaḋ leat é
Agus d'ḟíor-scoṫ ċeart na Gréige.

. . . .

Níl tréiṫe treon 'n-a Fódla ar fad
Naċ eol dam a ḃeiṫ i nÉaḋmonn
Réiḋ le cóir, i gcóir ċun caṫa,
Eolgasaċ, deiġ-ṁéineaċ.

Those lines were written on some occasion when An Seaḃac was about to fight a duel with another gentleman in consequence of an insult offered to a lady.

In addition to the foregoing poem I have a fragment of another, written, I am credibly informed, by a maternal great grandmother of mine, Caitlín Ní Ṫailte, in which she laments the death of An Seaḃac. The concluding lines of this poem are:

> "Tiucfaiḋ an Gearaltaċ agus culaiḋ niṁe air,
> Agus deirim-se gur diṫ ḋíḃ an Cuimíneaċ fá'n ḃfóḋ."

The Gearaltaċ referred to was the landlord who took up the estate of An Seaḃac after the latter's death, and it is quite evident from the first of the two lines given above that the people had but little faith in the new-comer's kindliness or justice.

† Learned in Latin.

Nearly all the characters in Seabac na Ceathramhan Caoile "lived, moved, and had their being" during the period (1740-1750) to which the drama refers, and many of the incidents and situations in the drama have been taken from events which occurred in the family of Míceál Cuimín. It will, therefore, be seen that I have gone back to the traditions of the people among whom I was born for the materials for my drama.

In conclusion, I would wish to express my thanks to the staff of An Cló-Cumann for their kindness, courtesy, and despatch while the play was going through the press.

Tomás Ó hAodha.

Dublin, August 1st, 1906.

An Ċéad Ḟuireann

Do léiriġ

Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile

ag an Oireaċtas, 1906.

An Cuimíneaċ	...	Tadg Ó Donnċaḋa.
Eiḃlís Craeċ	...	Cáit Ní Ḋonnċaḋa.
Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile		An Colbárdaċ.
Roibeárd Cuimín	...	Pádraig Ó Ceallaċáin.
Eiḃlín Ní Ġormáin	...	Maiġréad Ní Ḟoġluḋa.
Peig Ní Ċorbáin	...	Síġle Ní Ailġeása.
Cormac na gCaorac	...	Piaras Béaslaoi.
Taḋg	...	Seaġán Ó Ceallaiġ.
An tAṫair Gearróid Ó Sionnáin		Séamus Ó Muirġeasa.
An Briaraċ	...	Pádraig Ó Beaċáin.
Captaon Mac Donnċaḋa	...	Séamus Ó hÉalaiġe.
An Stacabólaċ	...	Ruaiḋrí Ó Síotċáin.
Domnall / Brian (Saiġdiúirí)		Ruaiḋrí Ó Síotċáin. / Pártalán Ó Riain.
Dromadóir	...	Caṫal Paor.
Cáit Ḃuiḋe (bean-feasa)	...	Nóra Ní Ḟoġluḋa.

Stiúrtóir: Caṫal Mac Garḃaiġ.

Daoine an Dráma.

An Cuimíneaċ .. Duine uasal agus file.

Eiblís Craeċ .. Bean an Ċuimíniġ ⁊ Sleaṁnánaiḋe Sliġṫeaċ.

Éaḋmonn ("Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile") } Beirt ṁac
Roibeárd } an Ċuimíniġ.

Eiblín Ní Ġormáin .. Bean uasal óg atá i ngráḋ leis "An Seaḃac."

Peig Ní Ċorbáin .. Ropaire mná.

Cormac na gCaoraċ .. Mac Ṗeig agus Croċaire de ḃiṫeaṁnaċ.

Taḋg .. .. .. Giolla gasta an Ċuimíniġ.

An Brianaċ (Tiġearna an Ċláir) } Taoisiġ i n-arm na
Captaon Uaiṫne Mac Donnċaḋa } Frainnce.

An Stacabólaċ .. "Buailim-sciaṫ" de ġall-ṗoc.

An tAṫair Gearóid Ó Sionnáin .. Sagart Díbearṫa.

Bean feasa, píobaire, drumadóir, saiġdiúirí, agus daoine eile.

Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile.

Gníoṁ a hAon.

An Áit—I gConntae an Ċláir agus i bFlónndoras.
An Tam—ó 1740 go 1750.

An Radarc—Seomra i dtiġ ṁór Ċille Ċrocáin agus é gléasta ar nós leabarlainne. Doras isteaċ ar an taoiḃ ċlé agus fuinneog ar an taoiḃ ṫiar. Bórd i lár an urláir. Leaḃra, páipéar, buidéal duiḃ, ḋá ċoinnleoir airgid, ⁊rl., ar an mbórd. Pictiúir mná óige áilne ar croċaḋ ar an mballa le hais na fuinneoige. Cófra mór i gcúinne agus ceangal iarainn agus glas air. Caṫaoir nó ḋó agus trosgán oireaṁnaċ eile.

An Cuimíneaċ ('n-a ṡuiḋe ag an mbórd agus leabar 'n-a láiṁ aige dá léiġeaḋ):

" A Ṗádraic, sin agat mo scéal,
Mar ṫárla dam féin gan ġó,
Mo ḋul is m'imṫeaċta go beaċt,
'S mo ṫeaċt tar m'ais ó Ṫír na nÓg."

'Seaḋ, (go háiṫḃéasaċ) míle molaḋ le Ríġ na Glóire gur ḟág Sé agam mo radarc, mo ṁeaṁair, agus mo ṡláinte go raiḃ an laoi seo críoċnuiġte agam! Agus, a Ċuisle Ġil na hÉigse, mo ċéad míle buiḋeaċas leat-sa leis! Do ċuireas neart mo ċroiḋe agus m'aigniḋ san obair—Á! agus cad do ḃéarfaḋ ná cuirfinn?

[Éiriġeann sé agus féaċann ar an bpictiúir ar an mballa.]

Nać ort-sa, a Áine Ní Ḃriain, a luṫráinín glan-ṁaisiġ, a aingil gléigil—nać ort-sa do ḃíos ag cuiṁneaṁ, nać ort-sa do ḃíos ag féaċaint agus mé ag ceapaḋ na tuairisce úd ar áilneaċt agus ar ḃreáġtaċt Niaṁ Ċinn Óir, cé go ḃfuil tú fá'n gcréafóig san roilig úd tall le sé bliaḋna fiċead!

[Tagann beirt ban taoḃ amuiġ de'n ḃfuinneoig agus féaċann siad isteaċ ar feaḋ tamaill.]

Ní raiḃ éan-ruḋ eile ag teaċt idir mé féin agus mo ṡuaiṁneas le fada aċt an laoi seo. Aċt cad táim a ráḋ? Ḃí ruḋ éicint eile ag cur buaiḋearṫa orm. Is annaṁ do ḃíoḋ Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile ar mo ċuiṁne. Á! a Ṡeaḃaic, baḋ ḋlúṫ daingean do ċoimeád tú an rún i gcoṁnaiḋe, agus baḋ beag an iongnaḋ é dá mbeaḋ an ḟoiḋne caiṫte agat fad ó.

[Éiriġeann sé agus féaċann amaċ ar an ḃfuinneoig.]

Ċím go ḃfuil an lá ag spalpaḋ suas arís. Is fada nár ċorruiġeas amaċ agus ó tárla go ḃfuil an gnó so críoċnuiġṫe agam is dóiġ liom go ragaiḋ mé ar cuaird ar feaḋ tamaill. (Téiġeann go dtí an doras.) A Ṫaiḋg, a Ṫaiḋg,—ḃfuil tú annsoin.

Guṫ amuiġ.—Táim, a Ṁáiġistir.

An Cuimíneaċ.—Gaḃ i leiṫ annso, tá gnó agam díot.

Guṫ amuiġ.—Beiḋ mé ċugat láiṫreaċ, a Ṁáiġistir.

[Taḋg isteaċ.]

An Cuimíneaċ.—Gaiḃ an capall dam, a Ṫaiḋg, táim ag dul ar cuaird tamall.

Taḋg.—Féaċ, a Ṁáiġistir, mara ḃfuil práiḋinn ṁór amaċ ort, ná corruiġ as an tiġ indiu.

An Cuimíneaċ.—Cia an ċiall, airiú?

Taḋg.—Níl deallraṁ ró-ṁaiṫ ar an lá; tá cuma na báistiġe air, agus beiḋ ceaṫanna troma ann.

An Cuimíneaċ.—Ċím gealaċt ag teaċt, agus má ṫagann ciot beag féin ní ḋéanfaiḋ braoinín de'n ḃáistiġ ciotaiġe ar biṫ ḋam.

Taḋg.—Tá droċ-ḋaṫ ar an ḃfairrge i mbun na gaoiṫe; aċt b'ḟéidir go nglanfaḋ sé. Ar a ṡon soin féin b'ḟearr liom go ḃfanfá istiġ. (I leaṫ-taoiḃ). Ċím go ḃfuil Peig Ní Ċorbáin annso agus ní haon ġnó macánta do ṫug ċugainn í.

An Cuimíneaċ.—Seo leat, a Ṫaiḋg. Bí ag corruiġe agus nuair ḃeiḋ an capall gléasta agat tar isteaċ ċugam arís.

Taḋg.—Tiocfad, a Ṁáiġistir, agus ní ḃeiḋ mé an faid is do ḃeiteá a ráḋ "Dia lem' anam" ag cur an ċapaill i gcóir duit.

[Taḋg amaċ.]

An Cuimíneaċ.—Naċ cúramaċ atá Taḋg boċt orm! Agus do ṫugas fá ndeara go raiḃ sé an-ċeanaṁail ar an Seaḃac leis. Buaċaillín lágaċ duineaṁail deaġ-ċroiḋeaċ 'seaḋ Taḋg. (Tógann sé an laoi 'n-a láiṁ.) Tá sé ċoṁ maiṫ ḋam an seod so do ċur i dtaisge leis an gcuid eile. (Osgluiġeann sé an cófra agus féaċann isteaċ ann.) Tá saoṫar mo ṡaoġail ar fad annso idir filiḋeaċt agus scéal-aiḋeaċt, aċt ní móide gur ċuireas ann riaṁ éin-niḋ ní b'ḟearr 'ná an laoi seo.

[Dúnann sé an cófra agus cuireann an glas air. Annsoin seasann sé ag an ḃfuinneoig arís.]

[Taḋg isteaċ arís.]

Taḋg.—Tá an capall ag an doras, a Ṁáiġistir. (I leaṫ-taoiḃ.) 'Seaḋ, agus tá an diaḃal san gcistean.

An Cuimíneaċ.—Cá ḃfuil Roibeárd indiu, a Ṫaiḋg?

Taḋg.—Tá sé ag fiaḋaċ san nGleann Doiṁin.

AN CUIMÍNEAĊ.—Cia tá i n-éinḟeaċt leis? An Seaḃac, is dóċa!

TAḊG.—An Seaḃac; agus go deiṁin duit, a Ṁáiġistir, níor airiġeas riaṁ a leitéid de ḋroċ-aoide is do ṫug an Ṁáiġistreás dó nuair ḃí sé ag dul amaċ.

AN CUIMÍNEAĊ.—Do Roibeárd, an eaḋ? Ḋe airiú, cia an ċiall?

TAḊG.—Tá 'ḟios agat go ḃfuil an Seaḃac agus Roibeárd an-ċeanaṁail ar a ċéile.

AN CUIMÍNEAĊ.—Aiṫniġeann an ḟuil—Ó! 'seaḋ, 'seaḋ, do ṫugas fá ndeara go raḃadar go han-ṁór le n-a ċéile le fada; aċt an mar ġeall air sin do ṫug sí an droċ-aoide do Roibeárd?

TAḊG.—'Seaḋ, go deiṁin. "Naċ deas an scéal é," ar sise, "tusa do ḃeiṫ ag imṫeaċt le stróinnse de stócaċ ná fuil 'ḟios ag éinne cé'r ḃ'é a aṫair."

AN CUIMÍNEAĊ.—Ṡaoileas go raiḃ sí féin go han-ṁuinntearḃa leis an Seaḃac.

TAḊG.—Ḃí go dtí le déiḋeannaiġe.

AN CUIMÍNEAĊ.—Agus cia an ċiall ar iompuiġ sí 'n-a coinne?

TAḊG.—Tá mo ṫuairim féin agam air sin; aċt, a Ṁáiġistir, mara ḃfuilim ró-ḋroċ-ṁúinte, ḃfuil 'ḟios agat-sa cé'r ḃ'é aṫair an tSeaḃaic?"

AN CUIMÍNEAĊ (agus sceon air).—A—a—a Ṫaiḋg, cia an ċiall ar ċuiris an ċeist sin orm-sa?

TAḊG.—Rud éicint aduḃairt Peig Ní Ċorḃáin an lá fá deireaḋ.

AN CUIMÍNEAĊ.—Peig Ní Ċorḃáin! Ná! Agus cad do ḃí le ráḋ ag an mbiadánaiḋe úd?

TAḊG.—"Ḃfuil 'ḟios agat, a Ṫaiḋg," ar sise, "cé'r ḃ'é aṫair an tSeaḃaic?"

An Cuimíneaċ.—'Seaḋ, tiomáin leat.

Taḋg.—"Ar tugais fá ndeara riaṁ, a Ṫaiḋg," ar sise, "go bfuil cosaṁlaċt mór ag an Seaḃac le Roibeárd? Do ċreidfeaḋ éinne gur beirt dearḃráṫar iad."

An Cuimíneaċ.—An báirseaċ niṁneaċ! Aċt a' nduḃairt sí éin-niḋ eile?

Taḋg.—"Ní ḟeadar," ar sise, "cia an ċiall a bfuil báiḋ ċoṁ mór soin ag an Máiġistir leis an Seaḃac."

An Cuimíneaċ.—Naċ mór atá sé ag goilleaṁaint uirṫi, an báiḋ atá agam leis. Rat do ċéirde ort-sa, a Ṗeig, ní hí seo an ċéad uair do ċuir do ḃiadán daoine trí n-a ċéile.

Taḋg.—Agus "dul i n-aois dul i n-olcas" di.

An Cuimíneaċ.—Aċt ní ḟeadar cad tá 'n-a ceann aici i dtaoiḃ an tSeaḃaic.

Taḋg.—Táim-se suiḋte ḋe gur dóiġ léi go bfuil gaol éicint idir tú féin agus an Seaḃac.

An Cuimíneaċ.—Buille fá tuairim! Is dóċa gurḃ' í Peig a ḃí ag cainnt leis an Máiġistreás.

Taḋg.—Ḃí cinnte ḋe; tá siad an-ṁór le ċéile le déiḋeannaiġe. Tá rud éicint eatorṫa.

An Cuimíneaċ.—Má tá, cuirfiḋ mise deireaḋ leis go tapaiḋ.

Taḋg.—Baḋ ṁaiṫ liom dá gcuirfeá, a Ṁáiġistir, mar ní luġa orm an deaṁan féin 'ná Peig.

An Cuimíneaċ.—Aċt, a Ṫaiḋg, 'sé an gnó atá agam díot——.

Taḋg.—Seaḋ, a Ṁáiġistir.

An Cuimíneaċ.—Téiġir anonn go dtí an Ċeatraṁa Ċaol go Máire Bán agus abair léi gur ċuireas tusa ċúiċi ċun a ráḋ naċ fada uaiṫi anois an lá ar a bfuil sí ag braṫ.

TAḊG.—Níl agam le ráḋ aċt an méid sin—naċ fada uaiṫi anois an lá ar a bfuil sí ag braṫ.

AN CUIMÍNEAĊ.—Níl, aċt ná leig ort le héinne cá bfuil tú ag dul nó cad é do ġnó.

TAḊG.—Ní gábaḋ duit an ċomairle sin do ṫabairt dom, a Ṁáiġistir. Níor fágas ar ċumas éinne riaṁ fós é "béal gan stoṫaḋ" nó "béal scaoilte" do ċur mar leas-ainm orm-sa.

AN CUIMÍNEAĊ.—Aċt ar eagla go mbuailfeaḋ Peig Ní Ċorbáin nó an Ṁáiġistreás id' ṫreo——

TAḊG.—Baḋ beag an ṁaiṫ dóiḃ é; aċt cuireann sé sin i gcuiṁne dam gur ṁaiṫ leis an Máiġistreás rud éicint a ráḋ leat sul a n-imṫeóċaiḋ tú.

AN CUIMÍNEAĊ (i leaṫ-taoiḃ).—Ná, ní ḟeadar cad tá uaiṫi anois. (Le Taḋg.) Abair léi teaċt i leiṫ annso, a Ṫaiḋg.

TAḊG.—Déanfad soin, a Ṁáiġistir.

[Taḋg amaċ.]

AN CUIMÍNEAĊ (ag siubal anonn is anall go buaḋarṫa).—Ní ḟeadar i n-éan-ċor an bfuil éin-eolas ag Peig i dtaoiḃ an tSeabaic. Tá aṁras éicint uirṫi go háiriṫe. An biṫeaṁnaċ bradaċ! Do ruagas í as an áit seo ċeana; aċt ċoṁ fada is atá Eiblís muinntearḋa léi ní ċuinneóċaḋ fear agus píce amaċ í. Agus cad tá le ráḋ ag an Máiġistreás liom, ní ḟeadar? Is annaṁ a tagann sí ċuġam-sa a d'iarraiḋ coṁairle nó ċun éin-niḋ d'innsint dam; aċt beiḋ ḟios agam go gairid anois cad tá uaiṫi.

[Eiblís isteaċ.]

EIBLÍS.—Ċím go bfuil tú ag dul ar cuaird.

AN CUIMÍNEAĊ.—Bíos ag cuiṁneaṁ air.

EIBLÍS.—Baḋ ṁaiṫ liom rud éicint a ráḋ leat sul a n-imṫeoċtá.

An Cuimíneaċ.—Suiḋ, a Eiḃlís, níl éin-ḋeaḃaḋ orm. Cad tá ort?

Eiḃlís.—Tá mo ḋaoiṫint orm: tá Roibeárd 'om' ċéasaḋ le déiḋeannaiġe.

An Cuimíneaċ.—Ag imṫeaċt ar a ċomairle féin, is dóċa.

Eiḃlís.—Go díreaċ, agus tá sé ró-ṁór ar fad le Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile; gaċ éan-uair a ḟaġann sé cead a ċoise bíonn sé i gcuideaċta an tSeaḃaic agus ní ṁaiṫ liom soin.

An Cuimíneaċ.—Cia an ċiall?

Eiḃlís.—Ní ḋéanfaiḋ sé pioc maiṫeasa ḋó a ḃeiṫ ag imṫeaċt gaċ aon lá le stróinnse ḋíoṁaoin mar é siúd—stollaire ná fuil 'ḟios ag éinne cé hé féin nó cé'r ḃ'é a aṫair nó a ṁáṫair aċt an oiread.

An Cuimíneaċ.—Níl géireaċt do ṫeangan ag maoluġaḋ go háiriṫe.

Eiḃlís.—Nuair do laḃras le Roibeárd i dtaoḃ a ḃeiṫ ag imṫeaċt leis an Seaḃac is aṁlaiḋ d'éiriġ sé im' ċoinne go droċ-ṁúinte.

An Cuimíneaċ.—Níor ḋein sé a leiṫéid sin riaṁ roiṁe seo.

Eiḃlís.—Deaṁan pioc sásaiṁ a ṫug sé ḋam aċt duḃairt sé liom gur ḃ'ḟearr míle uair an Seaḃac 'ná an buicín is galánta i nUí Ḃriocáin——.

An Cuimíneaċ (i leaṫ-taoiḃ).—Graiḋn mo ċroiḋe tú, a Roibeáird!

Eiḃlís.—Agus ċoṁ fada is ḃí tusa sásta, go raġaḋ sé leis gaċ éan-uair baḋ ṁaiṫ leis—naċ deas an taḃairt suas é sin?

An Cuimíneaċ.—Agus ḃí an ceart ag Roibeárt.

Eiḃlís.—Ḃí an ceart ag Roibeárd! agus níl sásaṁ le fáġail agam aċt an méid sin?

An Cuimíneaċ.—Níor airiġeas riaṁ gur ḋein an Seaḃac éan-rud ar an tsliġe.

Eiḃlís.—Aċt ar a ṡon soin féin ní compánaċ oireaṁnaċ do Roibeárd é.

An Cuimíneaċ.—Buaċaill láġaċ múinte deiġ-ḃéasaċ 'seaḋ é, agus táim suidte de dá ḃfeicfeaḋ sé Roibeárd ag dul amuġa i n-éin-tsliġe go gcuirfeaḋ sé ar ḃealaċ a leasa é.

Eiḃlís (go magaṁail).—Naċ mór an ṁuinġín atá agat as an Seaḃac?

An Cuimíneaċ.—Tá aiṫint agam air le fada. Níor ḋein sé éan-rud lag-ḃeartaċ riaṁ ar m' eolas-sa.

Eiḃlís (ag taḃairt súil-ḟéaċainte air).—Dar fiaḋ, aċt do ċreidfeaḋ éinne gur gaol gairid duit féin an Seaḃac. Aċt ní ċun aiġneas do ċur ort do ṫángas ċugat.

An Cuimíneaċ.—Agus cad do ṫug annso tú mar sin?

Eiḃlís.—Ag féaċaint a' gcuirfeá deireaḋ leis an gcaidreaṁ so atá idir an Seaḃac agus Roibeárd.

An Cuimíneaċ.—Ní ċuirfead. Ḃfuil tú sásta anois?

Eiḃlís.—Beiḋ aiṫṁéala ort ar ball.

An Cuimíneaċ (ag éirġe).—Bíoḋ. An ḃfuil éan-rud eile agat le ráḋ liom anois?

Eiḃlís.—Tá.

An Cuimíneaċ.—Cér'd é sin? (Suideann sé.)

Eiḃlís.—Teastuiġeann roinnt airgid uaim.

An Cuimíneaċ.—'Dé an gnó atá agat de'n airgead anois?

Eiḃlís.—Beiḋ cóisir ṁór i Rinn na Spáinneaċ i gceann coiġtiġise——

An Cuimíneaċ.—Tuigim ambasa; agus an mbeiḋ an costas ar fad ort-sa?

Eiblís.—Tá fonn magaiḋ ort; aċt féaċ, tá cuireaḋ fáġálta agam-sa, aċt ní féadfainn dul ann gan culaiṫ nuaḋ.

An Cuimíneaċ.—Cé tá ag taḃairt na fleiḋe uaṫa?

Eiblís.—Na Ma'Ruanaiġ, agus airiġim go mbeiḋ uaisle Uí Ḃriocáin go léir ann.

An Cuimíneaċ.—Beiḋ na Gall-ṗuic agus na bodairí a ṡéan a dtír agus a gcreideaṁ agus atá anois ag gaḃáil de ċosaiḃ ins na daoiniḃ—beiḋ siad súd ann.

Eiblís.—Do beiṫeá féin ċoṁ dona leo mara'ḃ go ḃfuil mise agus mo ṁuinntir agat mar ḋídean ó'n dliġe.

An Cuimíneaċ.—Uaisle Uí Ḃriocáin, an eaḋ? Á, fóirior! tá uaisle Uí Ḃriocáin buailte fá ċois. Tá sean-Ġaeḋil na háite seo imtiġte, aċt d'ḟágadar driodar salaċ 'n-a ndiaiḋ, agus leigeann siad súd orṫa gur uaisle iad. Níor ċuireadar cuireaḋ ċuġam-sa.

Eiblís.—Ó! ní raġfá-sa ann; b'ḟearr leat a beiṫ ag déanaṁ filiḋeaċta agus ag léiġeaḋ sean-leaḃra dreoiġte annso——

An Cuimíneaċ.—'Ná a beiṫ ag rit i ndiaiḋ na nGall-ṗoc. Tá an ceart agat.

Eiblís.—Féaċ, ní ṫáinig mise annso ċun aḃḃar magaiḋ do ḋéanaṁ díom féin. A' dtiubraiḋ tú dam an t-airgead?

An Cuimíneaċ.—Cé ṁéid atá uait?

Eiblís.—Is dóiġ liom go ndéanfaḋ deiċ nginí an gnó.

AN CUIMÍNEAĊ (ag feadġail).—Deiċ nginí! Luaċ feirsiġe. Naċ bog atá tú!

EIḂLÍS.—Beiḋ Roibeárd ag teaċt liom agus teastuiġeann culaiṫ éadaiġ uaiḋ sin leis.

AN CUIMÍNEAĊ.—Roibeárd ag dul leat, an eaḋ? Beiḋ rud éicint agam-sa le ráḋ mar ġeall air sin.

EIḂLÍS.—Tá sé bliaḋain is fiċe d'aois anois agus baḋ ċóir dúinn beiṫ ag féaċaint i ndiaiḋ mná dó.

AN CUIMÍNEAĊ.—Nuair beiḋ sé i n-am pósta do Roibeárd ġeoḃaiḋ mise bean dó—nó rud ní b'ḟearr, b'ḟéidir, ġeoḃaiḋ sé féin céile dó féin—agus mo láṁ agus m'ḟocal duit ní de ṡíolraḋ na Sasanaċ a ṫiocfaiḋ sí. Do ḋeinear féin dearmad—

EIḂLIS.—Is mise do ḋein an dearmad agus sean-ḃreallán ded' leiṫéid-se do ṗósaḋ.

AN CUIMÍNEAĊ.—Ní ḋéanfaiḋ sé pioc maiṫeasa ḋuit droċ-aoide do ṫaḃairt daṁ-sa. Glac mo ċoṁairle agus ciúinig tú féin.

EIḂLÍS.—A' dtiuḃraiḋ tú an t-airgead dam?

AN CUIMÍNEAĊ.—Ní ṫiuḃrad. Níl ann aċt mí ó ṫugas deiċ nginí ḋuit ċeana. Dá mbeaḋ mianaċ óir agam ní ṡeasóċaḋ sé an scabáiste seo.

EIḂLÍS (ag éirġe go feargaċ).—Naċ cruaiḋ an cás é go ḃfuilim buailte fá ċois ins an gcuma so! Ṫugas cúig céad giní annso liom, gan trácht ar éan-rud eile, agus cá ḃfuil an t-airgead anois?

AN CUIMÍNEAĊ.—Tá a ḋá oiread caitte agat ort féin agus ar na sutairíḃ do ḃíoḋ ag riṫ id' ḋiaiḋ annso.

EIḂLÍS.—Taḃair aire ḋuit féin agus ná tarraing mise ort.

AN CUIMÍNEAĊ.—Níl fonn bruiġne orm-sa indiu,

agus ní raiḃ súil ar biṫ agam leis an gcollóid seo nuair ṫángais isteaċ.

Eiblís.—Bíoḋ a ṁilleán ort féin.

An Cuimíneaċ.—Caiṫfiḋ mé beiṫ ag imṫeaċt anois, agus ní beiḋ mé ar ais go ceann cúpla lá. Go dtugaiḋ Dia lá maiṫ duit.

[An cuimíneaċ amaċ.]

Eiblís.—Nár éirġe an t-áḋ it' ḃóṫar leat, agus nár leigiḋ Dia dúinn tú ag filleaḋ duit, a ṡean-ċeiṫearnaiġ, agus naċ agat tá an greim ar an airgead. Mo ṡaoġal dearg ort!

[Téiḋeann sí go dtí an ḟuinneog, féaċann sí amaċ agus i gceann tamaillín airiġtear an capall ag imṫeaċt.]

Á, a ṡean-ḃreallán, ní hí seo an ċéad uair do ṫug tú iarraċt ar ṁise do ċur fá ċois, aċt ní éirġeoċaiḋ sé leat. (Téiḋeann sí go dtí an doras) A Ṗeig, a Ṗeig, gaḃ i leiṫ annso.

[Peig isteaċ.]

Peig.—Táim annso, a Ṁáiġistreás (ag uṁluġaḋ). Do ṡeirḃíseaċ, a Ṁáiġistreás.

Eiblís.—Táim naċ mór glan as mo ṁeaṁair, a Ṗeig.

Peig.—Ċím go bḟuil tú buaiḋearṫa agus tré n-a céile, a Ṁáiġistreás.

Eiblís.—Agus ní gan fáṫ é. Ní aṁáin gur eitiġ an sean-leastar mé, aċt dubairt sé ná leigfeaḋ sé Roibeárd liom go Rinn na Spáinneaċ. Ar airiġ éinne riaṁ éan-ruḋ mar é sin?

Peig.—Go deiṁin féin, a Ṁáiġistreás, níor airiġ, agus ní fuirist foiḋne do ḃeiṫ agat ag pléiḋe leis.

Eiblís.—Aċt cad do ḋéanfaiḋ mé anois? Caiṫfiḋ mé an t-airgead d'ḟáġáil ar ċuma éigint.

Peig.—Ní ḟéadfá dul go Rinn ná Spáinneaċ gan culaiṫ nuaḋ, pé ar doṁan é, nó Roibeárd aċt an oiread. Aċt is goire cabair Dé 'ná an doras. Cuarduiġ an teaċ agus b'féidir go ḃfuiġteá spáig i n-áit éicint ann.

Eiblís.—Ní annso atá sí curṫa i dtaisce aige. Tá sé ró-ġarta, agus is baoġal liom ná fuil scilling le fáġáil san tiġ.

Peig.—D'airiġeas féin go minic go raiḃ a ṡaiḋḃreas ar fad i dtaisce aige ins an seomra so (preabann sí le háṫas agus buaileann a ḋá ḃais le céile) agus dar fiaḋ, ḃí uġdarás éicint leis an scéal, mar féaċ, (beireann sí ar Eiblís agus teasbánann sí an cófra ḋi) féaċ ar an gcófra úd agus ar an gcaoi 'n-a ḃfuil sé greamuiġṫe le hiarann. Tá saiḋḃreas an Ċuimíniġ istiġ ann ċoṁ cinnte is táim-se annso.

Eiblís.—A Ṗeig, ní hí an ċéad ḃearna d'ḟosglais dam. Rit agus faiġ casúr nó tuaġ nó rud éicint eile go mbrisfimíd an glas.

Peig (i leaṫ-taoiḃ).—B'ḟéidir gur ḃearna ḋam féin atá mé ċun foscailt.

[Peig amaċ.]

Eiblís.—Ní feadar cad do ḋéanfainn i n-éan-ċor mara'ḃ Peig. Ṡaoileas go raḃas buailte ar fad agus do ċeap an "file," is dóċa, go raiḃ buaiḋte aige orm go glan. Aċt beiḋ mo ḋaoiṫint airgid agam anois gan spleáḋċas ḋó.

[Peig isteaċ arís.]

Peig.—Seo, a Ṁáiġistreás, fuaireas tuaġ an tSeaḃaic san gcistean go tráṫaṁail, agus ní ḃeiḋ tú ró-ḟada anois gan airgead.

[Beireann Eiblís ar an tuaiġ. Briseann sí an glas agus oscluiġeann an cófra. Téiḋeann sí ar a glúiniḃ agus caiṫeann amaċ na leaḃra agus na páipéir. Seasann Peig taoḃ

ṫiar di ag féaċaint uirṫi. Nuair tá an cófra naċ mór folaṁ sciobann Peig rolla páipéir as an gcarn ar an urlár agus cuireann i bfolaċ i n-a brágaid é i gan fios d'Eiblís. Nuair tá an cófra folaṁ éiriġeann Eiblís go canncraċ.]

Peig.—Agus níl éin-níḋ ann, a Ṁáiġistreás.

Eiblís.—Níl pioc ann aċt an méid a ċíonn tú. Do ḋeinis dearmad an uair seo go háiriṫe, a Ṗeig.

[Seasann an Seaḃac i ndoras an tseomra ag féaċaint orṫa.]

Peig.—Féaċ air sin anois! Do ṫógfainn an leaḃar air go raiḃ spáis mór san gcófra, aċt caiṫfimíd í lorg i n-áit eile anois.

Eiblís.—Cá ḃfuil an t-airgead i dtaisce aige, ní ḟeadar? (Féaċann sí timċeall uirṫi.)

Peig.—Geoḃmaoid amaċ é má tá sé san tiġ; aċt tá sé ċoṁ maiṫ dúinn na leaḃra do ċur isteaċ san gcófra arís.

Eiblís (go feargaċ).—Ní raġaiḋ ceann aca isteaċ ann go bráṫ arís. Déanfaiḋ mé teine cnáṁ díoḃ láiṫreaċ amuiġ ar an tsráid.

An Seaḃac (ag tabairt sceiṁle isteaċ eatorṫa). —Cad é sin adeireann tú?

[Baintear geit as na mnáiḃ agus iompuiġeann siad de ṗreib ag féaċaint cé tá ann.]

Peig.—Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile!

Eiblís.—Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile! Agus cad do ṫug annso ṫusa?

An Seaḃac.—Táir ċun na leaḃra do ḋóġaḋ.

Eiblís.—Cad é sin duit-se?

An Seaḃac.—Do rugas oraiḃ go glan ag réabaḋ na háite ar lorg airgid. Aċt féaċ, ní ḋéarfaiḋ mé focal mar ġeall air má ċuireann siḃ na leaḃra isteaċ san gcófra arís.

Eiblís (ag gáiriḋe go fonnṁar).—Ha! ha! ha!

naċ lágaċ atá sé! Dar mo ḃriaṫair aċt do ċreidfeaḋ éinne go raiḃ éileaṁ éicint aige ar an áit. Seo; bailiġ leat as so go tapaiḋ no cuirfiḋ mise iaċaiḋ ort imṫeaċt.

AN SEAḂAC.—Ní ċorróċaiḋ mé cos as an áit seo go gcuirfear na leaḃra ar ais arís.

EIḂLÍS.—Seo, a Ṗeig, beir leat amaċ na sean-rudaí dreoiġte seo agus caiṫ taoḃ ṫiar de'n teine iad.

AN SEAḂAC.—Ná déin, a Ṗeig, ná leag méar orṫa nó beiḋ aiṫṁéala ort.

EIḂLÍS.—Cuirfead-sa teine leo agus feicimís cé ċuirfiḋ cosc liom.

AN SEAḂAC (ag preabaḋ idir na mnáiḃ agus na leaḃraiḃ).—Cuirfead-sa cosc leat. Ní leigfead-sa ḋuit-se nó d'éinne eile méar do leagaint ar leaḃraiḃ m'aṫar—(stadann sé go hobann).

EIḂLÍS (scannruiġṫe).—Leaḃra t'aṫar! A Ṗeig, a Ṗeig, ar airiġis cad duḃairt sé—an Cuimíneaċ a aṫair.

PEIG.—Ha! ha! ha! Do scéiṫ sé an rún. Ḃí 'fios agam-sa go maiṫ gur ṁac do'n Ċuimíneaċ é.

EIḂLÍS.—A Ḋia ṁóir na bfeart, agus naċ náireaċ an scéal é! Aċt fan go dtiocfaiḋ an sean-ḃiteaṁnaċ a baile agus scaoilfiḋ mé teine tríd. Ó faire go deo! agus is dóċa go mbeiḋ sé seo ag éileaṁ na háite seo ar ball.

PEIG.—Ná cuir tú féin trí n-a ċéile, a Ṁáiġistreás; ní call duit eagla do ḃeiṫ ort mar ġeall air sin, ar ṫabarṫanas atá sé.

AN SEAḂAC.—Ní maiṫ liom é ráḋ leat, aċt tá tú dearg-ḃréagaċ; agus dá mbaḋ í an ċéad uair ṫugais t'éiteaċ do ṫaċtfaḋ sé tú.

PEIG.—Ní ċuirfiḋ tú méar fám' ṡúil-se ċom bog

soin. Tá 'ḟios agat go maiṫ gur ar ṫaḃartanas atá tú.

AN SEAḂAC.—Á, a ḃiadánaiḋe, níor ṫáinig sé ċun baile ḋuit riaṁ focal maiṫ a ráḋ i dtaoiḃ éinne aċt an focal is measa id' ḃéal i gcoṁnaiḋe.

EIḂLÍS.—Agus an aṁlaiḋ a ḋéarfá go raiḃ an Cuimíneaċ pósta sul ar ṗós sé mise?

AN SEAḂAC.—Ḃí, i gan-ḟios do'n tsaoġal. Tá teistiméireaċt an ṗósta agam-sa agus sid í pictiúir mo ṁáṫar.

EIḂLÍS (i leaṫ-taoiḃ).—Teisteiméireaċt an ṗósta! Caiṫfiḋ mé greim ḟáġáil air sin nó bainfiḋ sé a oiġreaċt de Roibeárd. (Leis an Seaḃac.) Scéal fíor! Ḃ'ait liom í ḟeicsint. Seo, bailiġ leat as so.

AN SEAḂAC.—Ní ċorróċaiḋ mé cos as an áit seo indiu go gcuirfear na leaḃra i dtaisce arís.

EIḂLÍS.—An aṁlaiḋ tá fonn ort seilḃ do ṫóġaint annso ċeana féin? (Téiḋeann sí go dtí an doras agus glaoḋann amaċ.) A Ṗáidín, a Ċeallaċáin, tagaiḋ i leiṫ annso! Cuirfiḋ mise iaċaiḃ ort imṫeaċt.

[Páidín agus Ceallaċán isteaċ. Tá corrán agus téad 'n-a láiṁ ag Páidín.]

PÁIDÍN.—Támaoid annso, a Ṁáiġistreás.

EIḂLÍS.—Beiriḋ ar an mbiṫeaṁnaċ úd agus caiṫiḋ amaċ é.

PÁIDÍN (scannruiġṫe).—Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile!

CEALLAĊÁN (ag féaċaint ar Ṗáidín go himniḋeaċ).—Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile!

EIḂLÍS.—Beiriḋ air, adeir mé liḃ, agus ċaiṫiḋ amaċ é.

PÁIDÍN (le Ceallaċán).—Seo leat, a Ċeallaċáin.

Ceallaċán.—Taḃair-se faoi i dtosaċ.

Peig.—Féaċ orta, airiú! Ar m'anam aċt tá siad ag crit le faitċíos roiṁe.

Eiblís.—Cad tá oraiḃ, nó an ḃfuil eagla ar an mbeirt agaiḃ roiṁe? Ha! ha! ha!—faire fúiḃ! Seo, beiriḋ air, adeir mé liḃ!

[Druideann siad araon go haireaċ agus go himniḋeaċ isteaċ ar an Seaḃac. Seasann seisean go ciúin, socair, agus é ag mion-ġáiriḋe fúta. Nuair ṫagann siad 'n-a ġaoḃar, glacann siad scannraḋ agus riṫeann siad siar arís].

An Seaḃac.—Glaoiḋ ar ḃeirt eile isteaċ, a Ṗeig.

Eiblís.—'S gráin oraiḃ, a ṡúmairí! Cad é an ṁaiṫ atá ionnaiḃ, nó 'ḃfuil éin-ṁisneaċ agaiḃ? Cia an ċiall ná preabann siḃ isteaċ air? Taḃairfiḋ Peig agus mé féin congnaṁ díḃ.

Páidín.—Bea—bea—b'fearr lio—lio—liom gan éan-ḃaint a ḃeiṫ agam le—leis, a Ṁáiġistreás.

Ceallaċán.—Raġ—raġ—raġaiḋ mise fá ḋéin pí—píce, a Ṁáiġistreás.

[Leigeann an Seaḃac scairt as. Cromann sé agus beireann ar an tuaiġ].

Eiblís (ag taḃairt súil-féaċaint' ar an Seaḃac).—Ná bac leis an bpíce go fóil. Ní maiṫ liom é do ġortuġaḋ. B'féidir go n-imṫeoċaḋ sé anois go macánta agus gan a ṫuilleaḋ aiġnis do ċur orainn.

An Seaḃac.—Téiġir fá ḋéin na píce, a Ċeallaċáin, go ḃfeicimíd cad is féidir leat a ḋéanaṁ léi—is fada ná raḃas i n-éan rocán anois.

Peig (ag sleaṁnuġaḋ taoḃ ṫiar de'n tSeaḃac).—Agus ná fuil sé d'intinn ag an mbeirt agaiḃ é d'aimsiuġaḋ?

Eiblís.—Ó! ṁaise, go ḃfóiriḋ Dia orainn! Ní ḟaca mé riaṁ éin-ḃeirt baḋ luġa misneaċ 'ná na snáṁairí seo. Faire go deo! Níl ionnta aċt spreasáin.

Peig (ag baint a clóca ḋi).—Go deiṁin féin, a Ṁáiġistreás, ní fiú iad do ċoṫuġaḋ, mar is olc atá siad ag friṫ ort indiu.

[Teasbánann sí an clóca do Ṗaidín agus do Ċeallaċán agus bagruiġeann sí orṫa.]

Eiḃlís.—Dá mbeinn-se im' ḟear, do ḃeaḋ beirṫe agam air fad ó.

[Caiṫeann Peig an clóca anuas ar ċeann an tSeaḃaic. Preabann Páidín agus Ceallaċán isteaċ. Beireann siad air agus leagann é. Tugann Peig agus Eiḃlís congnaṁ dóiḃ. Ceangluiġeann siad an Seaḃac go doċt, aċt ní gan obair ṁóir. An ḟaid atá siad ar ṁullaċ an tSeaḃaic brostuiġeann siad a ċéile mar seo: "Maiṫ an fear, a Ṗáidín," "Beir ar a láṁaiḃ," "Cuir ar ṗlearg a ḋroma é," "Sin é é," "Tá sé agam anois," agus mar sin de.]

Eiḃlís.—Anois, a Ṡeaḃaic na Ceaṫraṁan Caoile, cad é an tairḃe ḋuit do lúṫ agus do ṁisneaċ agus do ċáil? Tá tú ar lár againn go glan.

An Seaḃac.—Ní mé an ċéad ḟear do ṫuit le cealg mná.

Eiḃlís.—Anois, a ḃuaċaillí, cuarduiġiḋ a pócaí agus a ċuid éadaiġ agus féaċaiḋ an ḃfuil éan-ṗáipéar foluiġṫe ionnta.

An Seaḃac (ag gáiriḋe go fonnṁar).—Ha! ha! ha! Tá's agam cad tá id' ċeann agat. Tá tú i ndiaiḋ na teistiméaraċta. Is gasta an ḃean tú, aċt ḋeinis dearṁad an uair seo—ha! ha! ha!

Eiḃlís.—Riṫ, a Ṗeig, agus faiġ caḋrán móna go gcuirfimíd gobán i mbéal an ḃlaoḋtaire seo. [Peig amaċ.] Agus deiniḋ mar aduḃairt mé liḃ, a ċabúin.

An Seaḃac.—Ní gáḃaḋ ḋóiḃ dul fá éin-trioblóid, mar níl an páipéar atá uait-se orm.

[Peig isteaċ.]

[Cuirtear an caḋrán móna i mbéal an tSeaḃaic agus cuarduiġtear a ċuid éadaiġ. An ḟaid atá an gnó so ar siuḃal atá siad go léir ag cainnt le ċéile mar so: "An póca so!" "Ḃfuil éin-niḋ ann?" "An póca eile anois!" "Féaċ an ḃfuil póca taoḃ istiġ dá ċasóg." "Oscail a ḃearta," ⁊rl.]

EIBLÍS (i leaṫ-taoiḃ).—Tá gaċ éan-rud ag dul im' ċoinne indiu, aċt beiḋ sásaṁ éigint agam. (Le Peig) A Ṗeig, beir leat amaċ an draḃḟuiġeall so agus cuir taoḃ ṫiar de'n teine iad. Do ḃí an Cuimíneaċ i ḃfad níos cúramaiġe orṫa-so 'ná do ḃí sé órm-sa riaṁ.

PEIG.—Go deiṁin féin, tá an ceart agat san méid sin, agus baḋ ṁór an feall é, a Ṁáiġistreás—baḋ ṁór.

[Bailiġeann Peig gaḃáil de sna leaḃraiḃ le ċéile. Tosnuiġeann an SEAḂAC ag únfairt, agus luiġeann sé ar ċuid aca].

EIBLÍS.—Seo leat agus dóiġ an sprus salaċ so.

[Peig amaċ.]

Agus, a Ṡeaḃaic na Ceaṫraṁan Caoile, a ḋuine ḃoiċt! is beag do ṡaoileas ó ċianaiḃ go raiḃ tusa mar leas-ṁac agam. Is aṁlaiḋ ḃeiḋ gaċ éinne ag tnúṫáin liom feasta mar ġeall ar ḋuine ċoṁ cáileaṁail leat-sa do ḃeiṫ agam mar ṁac.

[Riṫeann Peig isteaċ agus scannraḋ uirṫi].

PEIG.—A Ṁáiġistreás—a Ṁáiġistreás, seo an Cuimíneaċ ċugainn!

EIBLÍS.—Ná! ambasa beiḋ ceol againn anois; aċt ní ḟeadar cad d'éiriġ dó. A Ṗeig, a Ṗáidín, a Ċeallaċáin, tagaiḋ i leiṫ annso ċugam. (Ag cogarnaiġ.) Cuirfimíd i leiṫ an tSeaḃaic é gur ṫáinig sé annso ċun na háite do réabaḋ, agus cuiṁniġiḋ gur leis an tuaġ.

[Seasann an CUIMÍNEAĊ ins an ndoras agus tagann iongantas air nuair ċíonn sé na daoine eile ins an seomra.]

AN CUIMÍNEAĊ.—Cad é seo? Cad é seo? Cad tá ar siubal agaiḃ?—nó cad do ṫug siḃ-se go léir isteaċ im' ṡeomra-sa gan ċead? Agus Peig Ní Ċorbáin annso! Do ċuireas an ruaig ort-sa ċeana, aċt ċím ná raiḃ éan-ṁaiṫ ann. Seo, bailiġ leat as

so; (leis an mbeirt eile) agus baḋ ċirte ḋiḃ-se a ḃeiṫ i ḃfeiḋil ḃur ngnóṫa. Seo, bailiġiḋ liḃ go tapaiḋ.

Eiḃlís ('n-a seasaṁ idir an Cuimíneaċ agus an Seaḃac).—Ná cuir ċun siuḃail iad fós. Béiḋ ruḋ éigint aca le ráḋ leat-sa láiṫreaċ.

An Cuimíneaċ.—Cad do ḃeaḋ aca le ráḋ liom-sa? (Tugann sé an Seaḃac fá ndeara.) Agus cé hé seo sínte ar an urlár agaiḃ? (Druideann sé isteaċ agus féaċann sé air.) Dar fiaḋ, aċt 'sé an Seaḃac atá ann! Cia an ċiall ar ċeangal siḃ mar sin é?—nó cad do ḋein sé oraiḃ?

[Leigeann an Seaḃac grág as agus tugann iarraċt ar éirġe.]

Eiḃlís.—Is maiṫ an scéal é ná raḃamar go léir sínte marḃ agus an teaċ dóiġte loiscṫe roṁat.

An Cuimíneaċ (ag taḃairt an cófra fá ndeara).—Agus cad é seo—nó an ar mo ṡúiliḃ atá sé? An cófra réabṫa briste, agus na leaḃra imṫiġṫe. Na leaḃra—na leaḃra, cad do ḋein siḃ leo? A Eiḃlís, a Eiḃlís, cá ḃfuil siad?

Eiḃlís.—Níor ḃain mise leo.

An Cuimíneaċ (go suaiḋte).—A Ḋia ṁóir na ḃfeart! an ag taiḃreaṁ atáim? Nílim leaṫ-uair a' ċluig imṫiġṫe as an seomra so, agus féaċ ar an ndíoġḃáil atá déanta ó ċuaiḋ mé amaċ—an cófra briste, na leaḃra sciobṫa, agus an Seaḃac ceangailte ar an urlár.

Peig.—Agus an t-anam scannruiġṫe asainn go léir, a Ṁáiġistir.

An Cuimíneaċ.—Agus cad do ṫug annso é? A Ṡeaḃaic, cad do ṫug annso ṫú i n-éan-ċor?

Eiḃlís.—Ní féidir leis labairt leat.

An Cuimíneaċ.—Cia an ċiall? Cad tá air?

EIBLÍS.—B'éigin dúinn gobán do ċur 'n-a ḃéal, ḃí sé ag liúġairiġ ċoṁ huaṫḃáraċ soin.

[Leigeann an SEABAC grág eile as].

AN CUIMÍNEAĊ.—An as a ṁeaṁair a ḃí sé?

PÁIDÍN.—Ḃí sé mar ḃeaḋ deaṁan dearg anios ó ifreann, a Ṁáiġistir.

AN CUIMÍNEAĊ (le Páidín agus le Ceallaċán).—Seo, scaoiliḋ é, agus leig dó éirġe.

EIBLÍS.—An as do ṁeaṁair atá tú? Má scaoil-tear é mairḃeoċaiḋ sé gaċ éinne san tiġ.

PÁIDÍN.—Ní ḃainfiḋ mise leis, a Ṁáiġistir.

CEALLAĊÁN.—Do ḃeaḋ eagla orm-sa dul 'n-a ġaoḃar tá sé ċoṁ millteaċ soin.

PEIG.—B'ḟearra duit é ḟágaint mar atá sé go dtiocfaiḋ sé ċuige féin.

AN CUIMÍNEAĊ.—Ó ḃó, ḃó, ḃó, cad do ḋéanfaiḋ mé i n-éan-ċor? Ḃfuil 'ḟios agaiḃ cad do ḃain dó nó cad do ṫug annso é?

EIBLÍS (agus dranna uirti).—Cad do ṫug annso é aċt ag lorg a ċoda féin, is dóċa!

AN CUIMÍNEAĊ (scannruiġṫe).—Cad é sin adeir-eann tú? A' lorg a ċoda féin!

EIBLÍS.—'Seaḋ, naċ é do ṁac féin é, agus do ṁac is sine leis? Á, a ṡean-ċlaḃaire, do scoilt sé ort.

AN CUIMÍNEAĊ (buaiḋreaṁ 'n-a ḟéaċaint agus é ag crit ó ḃun go baṫar).—Á! agus an mar sin atá an scéal? Do scéiṫ sé ċuġaiḃ an rún. Is dóċa gur ḃris ar an ḃfoiḋne aige, aċt bíoḋ an milleán orm féin.

EIBLÍS.—Seaḋ, bíoḋ an milleán ort féin agus tuilleaḋ tubaiste ċuġat.

An Cuimíneaċ (leis an Seaḃac).—Á, a Éamoinn, a Éamoinn, dá mbeaḋ foiḋne agat go ceann seaċtṁaine eile ḃíos ċun é aḋṁáil ós cóṁair an tsaoġail gur tusa mo ṁac dlisteanaċ féin.

Eiblís.—Agus a ḟean-ḃiṫeaṁnaiġ, níl náire ort é ráḋ suas lem' ḃéal go raiḃ mac ar ṫaḃartanas agat sul ar ṗós tú mise. Féaċ, dá mbeaḋ scian agam do ḟáiṫfinn id' ċroiḋe í go dtí an ċos.

An Cuimíneaċ.—Féaċ, a Eiblís, táim cráiḋte mo ḋaoṫaint ċeana, agus gan an ċoir ġránda úd do ċur im' leiṫ; aċt ár ndóiġ ḃí droiċ-intinn agat i gcoṁnaiḋe.

Peig.—Ná fuil teistiméireaċt an ṗósta ag an Seaḃac agus naċ í siúd picciúir a ṁáṫar, a Ṁáiġistreás?

An Cuimíneaċ.—Go ndeiniḋ Dia trócaire uirṫi.

Eiblís.—Is dóċa gur le stainncín orm-sa do ċongḃuiġ sé an ṗicciúir annso; aċt beiḋ sásaṁ agam-sa.

[Beireann sí ar an gcorrán agus tugann iarraċt ar an bpicciúr do lot. Preabann an Cuimíneaċ idir í féin agus an bpicciúir agus baineann di an corrán.]

An Cuimíneaċ.—Iomċuir tú féin, a Eiblís. Má leagann tú méar ar an bpiccúir úd beiḋ aiṫméala ort.

Eiblís.—A ḃiṫeaṁnaiġ ḃradaiġ, fuairís mo ċúig céad giní le feall-ḃeart.

An Cuimíneaċ (ag gáiriḋe).—Maise go deiṁin duit támaoid bodar agat féin agus na cúig céad giní úd. Cúis ġáire ó Ḋia ċuġainn!

Eiblís.—Cloisfiḋ tú a tuilleaḋ mar ġeall orṫa adeir mise leat-sa; aċt ní ḟanfaiḋ mé nóiminte eile fá ḋíon an tiġe seo ċun geoin magaiḋ do ḋéanaṁ díom féin, mar ċím ná fuil meas an ṁadraiḋ

orm annso nó ní raiḃ riaṁ. (i leaṫ-ṫaoiḃ.) Tá sgiaṫáin an tSeaḃaic gearrṫa anois go háiriṫe.

[Eiblís amaċ.]

An Cuimíneaċ.—A Ṗeig, cad do ḋein an Seaḃac ar an tsliġe?

Peig.—Do ṡleaṁnuiġ sé isteaċ annso agus tuaġ 'n-a láiṁ aige, agus do ḃris sé glas an ċófra. Baḋ sceannraḋ saoġalta ḋuit a ḃeiṫ ag féaċaint air agus an rabarṫa feirge do ġaḃ é.

[Tugann an Seaḃac iarraċt eile ar éirġe.]

An Cuimíneaċ.—Go ḃfóiriḋ Dia orm! níl 'ḟios agam an ar mo ċeann nó an ar mó ċosaiḃ atáim im' ṡeasaṁ.

Peig.—Go deiṁin féin, a Ṁáiġistir, ní gan fáṫ é, agus is truaġ Ṁuire tú indiu.

An Cuimíneaċ.—Féaċ, a Ṗeig, ní ṫugann do ṫruaġ-sa éan-tsásaṁ doṁ-sa. Níl éan-ġnó agat annso feasta. Seo, bailiġ leat as so. (Leis an mbeirt eile.) Agus tá sé ċoṁ maiṫ ḋíḃ-se a ḃeiṫ ag imṫeaċt leis; fágaiḋ annso mé go fóill.

Peig.—Go dtugaiḋ Dia lá maiṫ ḋuit, a Ṁáiġistir, agus is truaġ liom do ċás. (i leaṫ-ṫaoiḃ.) Tá greim daingean agam orṫa go léir anois, ha! ha! ha! ha!

[Peig agus na buaċaillí amaċ.]

An Cuimíneaċ.—Á, a Ṡeaḃaic, a Ṡeaḃaic, cad í an ṁearaiḋeaċt, nó cad é an donas a ṫuit ort agus an feall so d'imirt orm?

[Scaoileann sé na ceangail agus baineann an gobán as béal an tSeaḃaic].

Do ṡáiṫis saiġead niṁneaċ im' ċroiḋe indiu go háiriṫe; agus ní ċreidfinn ó'n doṁan go ndéanfá beart ċoṁ náireaċ soin mara'ḋ go ḃfaca mé lem' ṡúiliḃ féin í.

[Éirġeann an Seaḃac, tógann sé leabar do ḃí faoi ar an urlár agus cuireann ar an mbórd é].

An Seaḃac.—Agus a' gcreideann tú go ḃfuil mise cionntaċ? Féaċ, níl san méid aduḃairt na biṫeaṁnaiġ úd leat aċt éiṫeaċ ó ṫúis deireaḋ, agus dearg-éiṫeaċ leis.

An Cuimíneaċ.—Ní ḋéanfaiḋ an leat-scéal soin an gnó. Á, a Éamoinn, ní raiḃ éin-ċeart agat teaċt annso.

An Seaḃac.—Fágaim fé Ḋia é ná raiḃ éan-ḃaint agam leis an gcófra.

An Cuimíneaċ.—Agus cionnus do ṫáinig Eiḃlís agus Peig agus an ḃeirt eile ar éan-ḟocal aṁáin?

An Seaḃac.—'Neosaiḋ mé ḋuit gaċ éan-rud go díreaċ mar do ṫuit sé amaċ.

An Cuimíneaċ.—Seo leat.

An Seaḃac.—Ṫáinig mé ar Eiḃlís agus ar Ṗeig agus iad ag briseaḋ an ċófra. Ḃíodar ag lorg airgid ann.

An Cuimíneaċ.—Agus cionnus do ṫángais isteaċ ċoṁ trátaṁail sin? D'airiġeas go raiḃ Roibeárd agus tú féin ag fiaḃaċ san nGleann Doiṁin indiu.

An Seaḃac.—Ḃíomar san nGleann Doiṁin aċt—

An Cuimíneaċ.—Agus cá'r ḟágais Roibeárd?

An Seaḃac.—Ḃíos ċun é sin d'innsint duit. Do gortuiġ Roibeárd a ċos agus ṫáinig mé a baile fá ḋéin an ċapaill dó.

An Cuimíneaċ.—Roibeárd gortuiġte! Nár leigiḋ Dia go ḃfuil an scéal níos measa.

An Seaḃac.—Agus an aṁlaiḋ adéarfá gur ḃain mise le Roibeárd?

An Cuimíneaċ.—Is aisteaċ an gnó é. Naċ trátaṁail go raiḃ mise amuiġ nuair ṫángais; naċ trátaṁail go raiḃ Roibeárd ar an tsliġe; agus rud eile, naċ leat an tuaġ so?

An Seaḃac.—Is liom, aċt—

An Cuimíneaċ.—Ní ġlanfaḋ an méid uisce atá san bfairrge tú, agus baḋ ċaillte an ṁaise ḋuit é mo ċroiḋe boċt do scólaḋ i ndeireaḋ mo laeṫeanta.

An Seaḃac.—Mara bfuil tú ar mire ar fad do ṫuigfeá mar ar ṫuit an scéal amaċ.

An Cuimíneaċ.—Tuigim an scéal go han-ṁaiṫ; ná ceap gur 'madán mise, do ġeoḃtá an ċroċ ar an bfiaḋnaise atá id' ċoinne. D'éirig tú mío-ṡásta cé go raiḃ saoġal breaġ agat. Ṫángais annso mar ġadaiḋe ċun iaċaiḃ do ċur orm-sa do ċuid féin do ṫabairt duit agus——

An Seaḃac.—Fágaim fé Ḋia é go raiḃ an scéal go díreaċ mar d'innisear duit é agus ná fuilim cionntaċ.

An Cuimíneaċ.—Ná habair a tuilleaḋ anois. Bíoḋ deireaḋ leis an scéal. Tá mise réiḋ leat. Seo roinnt airgid duit (síneann sé sparán ċuige aċt ní ġlacann An Seaḃac é), agus téiġir i n-áit éicint as mo raḋarc—pé áit is maiṫ leat; aċt ná tar im' ġaoḃar ó'n lá so amaċ. Ní ṫiuḃraiḋ mé mo ṁallaċt nó mo ḃeannaċt duit—fágaim fé Ḋia tú.

An Seaḃac.—Conḃuiġ do ċuid airgid. Is cosaṁail ná raiḃ uait aċt leaṫ-scéal ċun mise do ḋíbirt. Seaḋ, imteoċaiḋ mé ar feaḋ tamaill ċun suaiṁnis do ṫabairt duit; aċt tiocfaiḋ mé ar ais arís, agus ní ḃeiḋ gaċ éan-ruḋ ar a toil féin ag Eiblís. Go maiṫiḋ Ḋia ḋuit an éagcóir atá déanta agat orm-sa, agus is baoġal liom go mbeiḋ aiṫṁéala ort go gairid.

[An Seaḃac amaċ.]

An Cuimíneaċ (ag riṫ go dtí an doras).—A Éamoinn, a Ṡeaḃaic, fan; ná himtiġ. A Ṡeaḃaic, a ṫaisce, fan go fóill. Tá sé imtiġte (cuireann sé a láṁ le n-a éadan agus siuḃlann sé anonn is anall go buaiḋearta). Cad tá déanta agam? Bíos as mo ṁeaṁair agus bíos ró-ċruaiḋ air (druideann

sé isteaċ leis an gclár agus tugann an leaḃar fá ndeara). A Ḋia ṁóir, cad tá annso agam! Laoi Oisín—buiḋeaċas mór le Dia! Cad d'éiriġ dam i n-éan-ċor agus an gnó so do ċur 'n-a leiṫ? Go maiṫfiḋ Dia ḋam é. Mairḃeoċaiḋ an lá so mé. A Ṡeaḃaic, mo ṡeaċt míle beannaċt ort (tagann creaṫaḋ 'n-a ġlór) agus nár leigiḋ Dia go n-imṫeoċaiḋ tú go ḃfeicim arís tú.

[Suiḋeann sé go trom tuirseaċ agus leagann sé a ċeann ar an gclár ag tuitim i ḃfanntaisne].

BRAT ANUAS.

An Tarna Gníoṁ.

An Raḋarc—Oiḋċe ġealaiġe i n-áit ċreagaiġ ar ḃruaċ na fairrge i n-iarṫair Uí Ḃriocáin. Corán agus streapaí ó'n talaṁ ċoṁṫrom go dtí an tráiġ. Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile agus Eiḃlín Ní Ġormáin 'n-a suiḋe ar na cairrgeaċaiḃ ag cainnt le ċéile.

An Seaḃac.—Tá an scéal ar fad agat anois ó ṫúis deireaḋ, a Eiḃlín.

Eiḃlín.—Is aisteaċ an scéal é, a Ṡeaḃaic, a ċroiḋe. Aċt cad do ḋéanfaiḋ tú anois, a Éamoinn?

An Seaḃac.—Is baoġal liom go gcaiṫfimíd scaraṁaint le ċéile ar feaḋ tamaill, mar ní ḟéadfainn fanaċt annso níos fuide.

Eiḃlín.—Ní ḟéadfá, ar ndóiġ, mar tá 'ḟios agam go maiṫ go ḃfuilir ró-neiṁspleáḋaċ agus ró-ḋuineaṁail. Aċt, a Ṡeaḃaic, a ċroiḋe, ġeoḃaiḋ mé bás leis an uaigneas má imṫiġeann tú uaim.

An Seaḃac.—A Eiḃlín, ná leig an galar duḃaċ id' ġaoḃar, a stóraċ; níl éan-ċall leis.

Eiḃlín.—Agus, a Ṡeaḃaic, cá raġaiḋ tú?

An Seaḃac.—Raġaiḋ mé go dtí an Ḟrainnc ċun sliġe beaṫaḋ do ḃaint amaċ ann le neart mo láiṁe agus le faoḃar mo ċlaiḋiṁ.

Eiḃlín.—Go dtí an Ḟrainnc!

An Seaḃac.—'Seaḋ; beiḋ long ag teaċt amaċ anoċt ó Lios Ceannúir agus tá curraċ ag teaċt i leiṫ annso ċun mise do ṫabairt amaċ ċúiċi.

Eiḃlín.—Oċ, mo ċuṁa ċroiḋe! Do ḃíos ag braṫ ar rud éigint mar sin. Aċt, a Ṡeaḃaic, is baoġal

liom má imṫiġeann tú go gtí an Ḟrainnc ná feicfiḋ mise go bráṫ arís tú.

An Seaḃac.—Ná habair é sin, ná habair é sin, a Eiḃlín. Tá súil le Dia agam go dtiocfaiḋ mé ar ais ċugat agus gan pioc i measa liom.

Eiḃlín.—Ní maiṫ liom i n-éan-ċor an imirce seo go dtí an Ḟrainnc. Níl fear óg ó Ċeann Léime go Duirrin a d'ḟéadfaḋ claiḋeaṁ d'iomċur ná fuil imṫiġṫe ann.

An Seaḃac.—Aċt tiocfaiḋ siad ar ais lá éicint.

Eiḃlín.—Támaoid ag feiṫeaṁ leo le dá ḟiċid bliaḋain, aċt ní ṫángadar fós.

An Seaḃac.—Aċt ní fada uainn anois é.

Eiḃlín.—Cuṁa láir lem' ċroiḋe, is minic mé ag smuaineaṁ ar an dtír ḃoiċt seo agus ar an gcaoi 'n-a ḃfuil sí tráiġte traoċta ó ċogaḋ agus ó ġéir-leanaṁaint na nGall.

An Seaḃac.—Aċt cuirfimíd deireaḋ leis an anró go gairid—

"Beiḋ leagaḋ 'gus gearraḋ 'gus brúṫ,
Beiḋ scaipeaḋ 'gus scannraḋ 'gus uireasḃaiḋ,
Gallaiḃ dá gcaiṫeaṁ gan ċaḃair
Nuair ġreadfas an Franncaċ teine leo!"

Eiḃlín.—Dá mbeaḋ aga ċuige i mbáraċ, cá ḃfuil na fir a ṡeasfaḋ san mbearnain?

An Seaḃac.—Tá siad dá ngléasaḋ féin ṫall agus tiocfaiḋ siad ar ais lá éicint agus fuadar nime fúṫa.

Eiḃlín.—Aċt a' dtiocfaiḋ na Franncaiġ leo ċun an ċoṁair do ḋíol?

An Seaḃac.—Bí cinnte ḋe. Nár tugadar iarr-aċt faoi ċeana agus d'éirġeoċaḋ leo mara'ḋ go raiḃ an ġaoṫ 'n-a gcoinniḃ.

Eiḃlín.—B'ḟéidir é, aċt tá eagla orm. Agus a' ḃfuil tusa ag dul ann i ndáiríriḃ?

An Seaḃac.—Táim, agus mara'ḋ go raḃas ċoṁ ceanaṁail sin ort-sa, agus mara'ḋ go raiḃ an gráḋ ceangailte ċoṁ mór soin im' ċroiḋe, ḃíos imṫiġṫe ann anuraiḋ.

Eiḃlín.—Agus an ḃfuil do ġráḋ ag tráġaḋ anois?

An Seaḃac.—Cad é an sórt cainnte é sin, a Eiḃlín?

Eiḃlín.—Duḃrais anois láiṫreaċ go raḃais ċoṁ ceanaṁail sin orm anuraiḋ is ná féadfá imṫeaċt uaim, aċt táir ċun scaraṁaint liom anois agus do réir deallraiṁ níl spalla bróin ort—á, do leigis amaċ ort féin, a Ṡeaḃaic (leigeann sí gáire beag aisti).

An Seaḃac.—Cúis gáire ó Ḋia ċuġainn!

Eiḃlín.—Agus is dóċa nuair raġaiḋ tú ṫar sáile agus nuair ḃuailfiḋ bean uasal áluinn éicint id' ṫreo go ndéanfaiḋ tú dearmad ar fad orm-sa.

An Seaḃac.—Éist léi, airiú! An cuiṁin leat an lá úd fad ó nuair do ḃíomar ag bailiuġaḋ na sméara duḃa i ḃfoċair a ċéile san gCeaṫraṁain Ċaoil?

Eiḃlín.—Lá na tóirniġe, an eaḋ?

An Seaḃac.—'Seaḋ; nuair d'éiriġ an t-anfaḋ, agus nuair ṫáinig duiḃċean go hobann ar an spéir, agus nuair do ḃí na splanncraċa ag léimniġ agus an tóirneaċ ag pléascaḋ go huaṫḃáraċ ós ár gcionn—An cuiṁin leat é?

Eiḃlín.—Is maiṫ is cuiṁin liom é.

An Seaḃac.—Ḃís an-ḃeag an uair sin, agus ḃís i rioċt tuitim i ḃfanntaisne le lagaċar is le scannraḋ agus le heagla an lá úd.

Eiḃlín.—Naċ maiṫ an ċuiṁne atá agat air!

An Seaḃac.—Do ġlacas truaġ an doṁain duit agus is iongantaċ an rud é nár tosnuiġeas ar ġol i n-éinfeaċt leat.

Eiḃlín.—Ag gáiriḋe agus ag déanaṁ magaiḋ fúm-sa do ḃís.

An Seaḃac.—Ċun misneaċ do ṫaḃairt duit; aċt pé'r doṁan é, do ḃailiġeas tú isteaċ im' ġaḃáil mar do ḋéanfainn le leinḃín—

Eiḃlín.—Agus do léimis tarsna an tsroṫáin agus mise ar do ḃaclainn agat.

An Seaḃac.—Agus ċuamar ar foscaḋ ó'n gclagarnaiġ, agus nuair do ḃís ag teannaḋ isteaċ liom le huaṁan agus le neart faitċeasa, do ṗógas do ḃéilín beag milis agus duḃart leat ná raiḃ baoġal ar biṫ ort agus gan éin-eagla do ḃeiṫ ort.

Eiḃlín.—'Seaḋ, agus do ġlacas misneaċ agus d'imṫiġ an eagla láiṫreaċ. Á, a Ṡeaḃaic, do ṡaoileas an lá úd ná raiḃ buaċaill níos misneaṁla, nó níos sproiḋe, nó níos breaġṫa i nÉirinn 'ná tusa.

An Seaḃac.—Do tugas fá ndeara gur imṫiġ an scannraḋ, agus do ṁotuiġeas rud éicint ag corruiġe im' ċroiḋe—b'é an gráḋ do tugas duit 'n-a ḋiaiḋ sin do ḃí ag dúiseaċt ann, agus tá sé ag neartuġaḋ agus ag borraḋ gaċ lá ó ṡoin.

Eiḃlín.—B'é an scéal céadna agam-sa é, a Ṡeaḃaic, a ġráḋ.

An Seaḃac.—'Seaḋ, agus nuair do ṫáinig an ġealaċt i ndiaiḋ an duiḃṫin, nuair stad an ċlagarnaċ, agus nuair spalp an ġrian amaċ go taiṫneaṁaċ, do ċuamar araon a ḃaile ag gáiriḋe go spleodraċ cé go raḃamar fliuċ báiḋte.

Eiḃlín.—Cad do ċuir cuiṁne an lae úd id' ċeann anoċt?

AN SEAḂAC.—Tá duibtean ar an spéir dúinne fá láṫair, aċt, le congnaṁ Dé, tiocfaiḋ an ġealaċt ar ball.

EIḂLÍN.—Go leigiḋ Dia soin; agus, a Ṡeaḃaic, a ġráḋ agus a leoṁain, ní ḟeadar-sa cia an ċiall é, aċt ó tosnuiġís ar ċainnt ar an lá úd táim i bfad níos sásta im' aigne 'ná do ḃíos roiṁe sin.

AN SEAḂAC.—Fanfaiḋ tú liom mar sin go dtiocfaiḋ mé ar ais ċugat arís?

EIḂLÍN.—Fanfaiḋ mé leat agus beiḋ mé dílis duit pé ḟaid a beiṫ tú imṫiġṫe; agus tiubraiḋ mé ḋuit mo láṁ agus m'ḟocal air ná beiḋ éan-ċur-isteaċ agam le fear ar biṫ eile go ḃfillfiḋ tú arís.

[Éirġeann sí agus síneann ċuige a dá láiṁ. Éirġeann an Seaḃac agus glacann iad.]

AN SEAḂAC.—Duḃrais ó ċianaiḃ go mb'ḟéidir go ndéanfainn dearmad ort-sa nuair raġainn tar sáile.

EIḂLÍN.—Ní raḃas aċt a' déanaṁ greine ort, a Ṡeaḃaic, a stóir.

AN SEAḂAC.—Féaċ, a ṁaoineaċ. (Cuireann sé a láṁa go ceannasaċ ar a guailniḃ). Nuair ṫráġfaiḋ an fairrge ar nós go raġaiḋ an ṁuir ḃraonaċ isteaċ i n-aḃarc gaḃair, nuair tiocfaiḋ ísleán ins an áit 'n-a bfuil Sliaḃ Colláin anois, agus nuair déanfar luaṫraṁán agus sprúadar de sna carraigeaċaiḃ agus de'n aillṫreaċ annso fúinn—dá mairfinn go dtí an lá soin ní ḋéanfainn failliġe nó dearmad ort-sa. Ḃfuil tú sásta anois, a stóraċ?

EIḂLÍN.—Á, a Ṡeaḃaic na Ceaṫraṁan Caoile, ní ḟéadfainn gan a beiṫ sásta agus pé duaḋ nó doċar a beiḋ roṁam fanfaiḋ mé leat go ḃfillfiḋ tú arís. 'Seaḋ, agus má ḃaineann éin-níḋ ḋuit ní ṗósfaiḋ mé éinne eile go ḃráṫ.

AN SEAḂAC.—A Eiḃlín, a ċumainn, tá fáinne óir

agam annso—fáinne pósta mo ṁáṫar—agus tá dá leaṫ déanta agam de.

Eiḃlín.—Á, cia an ċiall ar ḃrisis é, a Ṡeaḃaic? B'ḟearr liom é ḟáġail uait mar ḃí sé.

An Seaḃac.—Seo ḋuit a leaṫ agus cuinneoċaiḋ mé an leaṫ eile ḋam féin. Má ṫagann éan-aṫruġaḋ orm-sa—má ḃuaileann an ḃean uasal áluinn úd trasna orm—cuirfiḋ mé mo leaṫ-sa a ḃaile ċuġat ar ċuma éicint, agus beiḋ tú saor annsoin pé níḋ is maiṫ leat do ḋéanaṁ 'n-a ḋiaiḋ sin. Dein-se aṁlaiḋ le do ċuid-se, má's féidir leat, agus má ḃíonn gábaḋ leis.

Eiḃlín.—Táim sásta, aċt nár leigiḋ Dia go mbeiḋ éan-ċall go bráṫ an margaḋ so do ċóiṁlíonaḋ.

An Seaḃac.—Agus anois, a stóraċ, ná bíoḋ uaigneas ort. Beiḋ teaċtairí go hÉirinn gaċ mí naċ mór ó'n bFrainnc agus cuirfiḋ mé scéala a ḃaile ċuġat go minic—is miṫid do sna bádóiríḃ do ḃeiṫ annso anois.

[Téiḋeann siad araon amaċ go bruaċ an aillṫriġ.]

[Taḋg isteaċ.]

Taḋg (ag féaċaint 'n-a ndiaiḋ).—Go díreaċ glan mar ḃím féin agus Siobán nuair ġeiḃmíd aga ċuige. 'Seaḋ ambasa, do ṡaoileas ná raiḃ an aicíd seo ag gabáil d'éinne ċoṁ trom soin is do ḃí sí dúinne araon—ṁaise, naċ breaġ an lánaṁain a ḋéanfaiḋ siad, bail ó Ḋia orta; agus naċ é an feall é go gcaiṫfiḋ an Seaḃac an cailín gleoiḋte úd 'ḟágaint 'n-a ḋiaiḋ! (Leis an Seaḃac) A Ṁáiġistir, a Ṁáiġistir, gaḃaim pardún agat.

An Seaḃac.—'Seaḋ, a Ṫaiḋg, cad tá ort?

Taḋg.—Nílim-se a' féaċaint oraiḃ i n-éan-ċor, a Ṁáiġistir, nílim go deiṁin; aċt baḋ ṁaiṫ liom a ráḋ leat go ḃfuil an long fá ṡeol agus í ag tarraingt ċuġainn.

An Seaḃac.—Las an teine, a Ṫaiḋg, gan ṁoill.

Taḋg.—Fágfaiḋ mé slán agat mar sin, a Ṁáiġistir.

An Seaḃac (ag teaċt i leiṫ ċuige).—Is 'mó lá sultṁar do ċaiṫeamar le ċéile, a Ṫaiḋg! aċt beiḋ aimsir aerac againn fós má ṁairim-se leis.

Taḋg.—Do ṫiuḃrann fuil mo ċroiḋe ḋuit, a Ṁáiġistir, agus tá súil le Dia agam go n-éirġeoċaiḋ go geal leat tall.

An Seaḃac.—Tá súil agam féin go n-éirġeoċaiḋ, a Ṫaiḋg.

Taḋg.—Agus féaċ, a Ṁáiġistir, taḃair cúis caoi do luċt an ḟeill nuair ġeoḃaiḋ tú faill orta.

An Seaḃac (ag gáiriḋe).—Taḃarfad le fonn, a Ṫaiḋg.

Taḋg.—Déin agus go neartuiġiḋ Dia leat (beireann sé ar láiṁ an tSeaḃaic). Go n-éirġe an t-áḋ leat agus go dtugaiḋ Dia slán a baile arís tú.

[Taḋg amaċ.]

Eiḃlín.—Bí gaċ éinne buiḋeaċ ḋíot, a Ṡeaḃaic, agus beiḋ siad go léir ag guiḋe ar do ṡon (airiġtear fead ó'n tráiġ). Á! tá na báḋóirí ag glaoḋaċ ort.

An Seaḃac.—A Eiḃlín, a ċroiḋe, caiṫfimíd scaraṁaint le ċéile fá ḋeireaḋ (bailiġeann sé ċuige í, cuireann a ġéaga 'n-a timċeall agus fáscann le n-a ċroiḋe í). Bíoḋ misneaċ agat anois, a stóraċ, agus beannaċt leat, a ṁúirnín dílis.

Eiḃlín.—Agus mo ṡeaċt míle beannaċt leat-sa leis, a Ṡeaḃaic, a stóir, agus go mbuaiḋiḋ Dia leat, go mbuaiḋiḋ Dia leat.

[Imṫiġeann an Seaḃac agus seasann Eiḃlín ag féaċaint 'n-a ḋiaiḋ go brónaċ. Nuair tá sé imṫiġṫe tosnuiġeann sí ag caointeaċán.]

EIBLÍN.—Á, mo ċreaċ ġéar agus mo lón dóiġte! Is agam atá an croiḋe scólta anoċt cé nár leigeas orm é—

Oċón mo Ṡeabac, mo ġráḋ geal,
Is é anois ag dul tar sáile,
Is mé go tréiṫ lag tnáiḋte
Ag gol 'n-a ḋiaiḋ go cásṁar!
Aċt guiḋim ar Ríġ na nGrás nGeal
Go bfillfiḋ sé 'n-a ṡláinte
Ó ċogaḋ claiḋiṁ na sáir-ḟear
Gan barcaḋ agus gan bearna!
Is dá mbeaḋ sé ċugam i mbáraċ
Is roiṁe ċuirfinn fáilte.

[Riṫeann TADG isteaċ.]

TADG.—A Ṁáiġistreás, a Ṁáiġistreás, tá Peig Ní Ċorbáin ag teaċt i leiṫ annso.

EIBLÍN.—Cad a ḋéanfaimíd, a Ṫaidg?

TADG.—Raġaimíd i bfolaċ uaiṫi. Corruiġ, a Ṁáiġistreás, nó beiḋ sí anuas orainn.

[Téiḋeann siad araon i bfolaċ taoḃ ṫiar de sna cairrgeaċaiḃ agus tagann PEIG isteaċ.]

PEIG (ag féaċaint 'n-a timċeall).—Níl sí annso fós. Teastuiġeann eolas uaiṫi i dtaoḃ an tSeabaic, is dóċa, aċt caiṫfiḋ sí díol as. Tá greim daingean agam uirṫi anois—aċt tá sí ċugam.

[EIBLÍS isteaċ]

EIBLÍS.—Ta tú annso roṁam, a Ṗeig, aċt cá bfuil Cormac?

PEIG (ag uṁluġaḋ).—Go mbeannuiġiḋ Dia is Muire duit, a Ṁáiġistreás. Beiḋ Cormac annso go gairid. 'Seaḋ, tá sé ċugainn ċeana féin.

[CORMAC isteaċ.]

PEIG.—Cad do ċuir moill ort, a ríġneálaiḋe?

CORMAC.—Go mbeannuiġiḋ Dia duit, a Ṁáiġistreás féiṁ. Cad do ċuir moill orm an eaḋ? Baḋ ċóir go mbeaḋ 'ḟios agat cad do ċuir moill orm. Ná raiḃ mé ar tóir an tSeabaic?

EIBLÍS.—Cad mar ġeall ar an teistiméireaċt, a Ċormaic, nó a' ḃfuairís í?

CORMAC.—Baḋ ċontaḃartaċ an obair í, a Ṁáiġistreás, agus b'éigin dam mo ġnó do ḋéanaṁ go ciúin mar tá 'ḟios agat gur biṫeaṁnaċ millteaċ an Seaḃac. 'Seaḋ, biṫeaṁnaċ an-ṁillteaċ ar fad.

EIBLÍS.—Aċt an teistiméireaċt—ḃfuil sí agat?

CORMAC.—Ḃíos ar ḃaillċrit an faid do ḃíos ar a lorg mar dá ḃfuiġeaḋ an Seaḃac greim orm ḃí deireaḋ liom.

EIBLÍS.—Taḃair ḋam an páipéar, má tá sé agat.

CORMAC.—Go deiṁin duit, a Ṁáiġistreás, do ṫuilleas go maiṫ pé rud a tiuḃraiḋ tú ḋam ar son mo ṫrioblóide.

EIBLÍS (ag tarraingt sparáin amaċ).—Seo, a Ċormaic, taḃair ḋam an teistiméireaċt anois (tug-ann sí roinnt airgid do Ċormac).

CORMAC.—Go méaduiġiḋ Dia do ċuid airgid, a Ṁáiġistreás (ag féaċaint ar an airgead). Do ṫuilleas a ḋá oireaḋ aċt táim sásta. Tá an Seaḃac imṫiġṫe go dtí an Ḟrainnc.

EIBLÍS.—Imṫiġṫe go dtí an Ḟrainnc! Aċt a' ḃfuairís an teistiméireaċt sul ar imṫiġ sé?

CORMAC.—Deirtear go ḃfuil sé imṫiġṫe le seaċtṁain.

EIBLÍS.—Aċt an teistiméireaċt, an airiġeann tú mé? Cá ḃfuil sí?

CORMAC (ag cur an airgid 'n-a póca).—Ní ḟuaras éan-ḟaill ar an Seaḃac ċun í do ḃaint de.

EIBLÍS.—Agus ar leigis uait é mar sin? Á, is olc a sriṫis, a ċabúin. Níl éan-ṁaiṫ ionnat.

CORMAC.—Ní ḟéadfainn teaċt 'n-a ġaoḃar, a Ṁáiġistreás, ní ḟéadfainn go deiṁin.

EIḂLÍS.—Tá buaiḋte orm arís, a Ṗeig; aċt caiṫfiḋ mé an teirtiméireaċt úd ḟáġáil dá mb'éigin dam an Seaḃac a leanaṁaint ar fuaid an doṁain.

PEIG.—Aċt ní féidir leat féin dul ar a ṫóir, a Ṁáiġistreás.

EIḂLÍS.—Cuirfiḋ mé Cormac 'n-a ḋiaiḋ má ḃíonn sé sásta.

PEIG.—Cad do ḃéarfaḋ ná beaḋ sé sásta?

CORMAC.—Sásta ċun dul go dtí an Ḟrainnc an eaḋ? Dar fiaḋ aċt is bog a ṫagann cainnt ċugaiḃ.

EIḂLÍS.—Geoḃaimíd pasáiste ḋuit i mbád an Ḋuḃġallaiġ.

CORMAC.—Gé fiaḋáin do ḋéanaṁ díom mar a déarfá!

EIḂLÍS.—Díolfar go maiṫ tú, ná bíoḋ eagla ort. Taḃarfaiḋ mé ḋuit an méid airgid is do ċuirfiḋ ar do ḃonnaiḃ tú. Ḃfuil tú sásta?

CORMAC.—Táim, a Ṁáiġistreás. Aċt cad do ḃeiḋ orm le déanaṁ?

EIḂLÍS.—Caiṫfiḋ tú an teirtiméireaċt úd ḟaġáil dá mbaḋ gáḃaḋ ḋuit—ha! cia hé so ċugainn anois? 'Sé Roibeárd atá ann.

[ROIBEÁRD isteaċ.]

ROIBEÁRD.—Tusa annso, a Ṁáṫair, agus go deiṁin féin is galánta an ċuideaċta atá agat, aċt cad do ṫug annso tú? (i leaṫ-taoiḃ) Tá cam is calaois ar siuḃal arís, is baoġal liom.

EIḂLÍS.—Gnó éicint a baineann duit-se.

ROIBEÁRD.—Aċt cad é an baint atá ag an mbeirt seo leis an ngnó úd?

EIḂLÍS.—Deir Peig annso liom go bfuil sé socruiġṫe ag an Seaḃac sinne go léir do ruagairt as Cill Ċrocáin.

ROIBEÁRD.—Tá Peig ró-ġasta ḋuit-se; níl sí aċt ag toċrais ar a ceirtlín féin. Seo, siuḃal leat a ḃaile agus ná bac le Peig.

PEIG.—Tá tú an-ġéar orm, a Ṁáiġistir, bean ṁacánta 'seaḋ mise.

ROIBEÁRD.—Bean ṁacánta! ha! ha! ha! Éist léiṫi airiú. Ḋe, mo ḋiaċair! Cad do ḋéarfaḋ an Seaḃac leis sin, ní feadar?

PEIG.—Ná bí dom' aiṫrisiuġaḋ fá rud nár ḋeinear. Níor ḋein mise pioc ar an Seaḃac riaṁ.

EIBLÍS.—Ná bac leis, a Ṗeig.

PEIG.—I n-ionad a ḃeiṫ buiḋeaċ ḋínn i dtaoḃ an ṁéid atáimíd a ḋéanaṁ ar a son is aṁlaiḋ tá sé ag taḃairt droċ-aoide ḋúinn. Seo siuḃal leat a ḃaile, a Ċormaic.

EIBLÍS.—Ná himṫiġ go fóill, a Ṗeig, go socróċmaoid an gnó so.

ROIBEÁRD.—Cad é an gnó é sin?

CORMAC.—Suiḋfiḋ mise go fóill mar táim tuirseaċ. (Suiḋeann sé).

EIBLÍS.—Bainfiḋ an Seaḃac an oiġreaċt díot mara gcuirfimíd cosc leis.

ROIBEÁRD.—Ní ḋéanfaiḋ an Seaḃac éan-rud lag-ḃeartaċ. Agus cuir i gcás go raiḃ fonn air an oiġreaċt do ḃaint díom cionnus a ċuirfeá cosc leis?

EIBLÍS.—Caiṫfimíd an teistiméireaċt úd atá aige do ḃaint de ar ċuma éicint.

ROIBEÁRD.—Níl fáġáil uirṫi anois mar tá an Seaḃac imṫiġṫe i n-áit naċ féidir liḃ teaċt suas leis.

EIBLÍS.—Cuirfimíd Cormac 'n-a ḋiaiḋ, aċt caiṫfiḋ tusa innsint ḋúinn cá ḃfuil sé imṫiġṫe.

ROIBEÁRD.—Má tá ciall ag Cormac fanfaiḋ sé ag baile.

CORMAC.—Raġainn go hifreann ar son do ṁáṫar dá n-iarraḋ sí orm é.

ROIBEÁRD.—Ná bíoḋ deaḃaḋ ró-ṁór ort, a ṁic ó, mar sroiċfiḋ tú an áit úd i n-am do ḋóṫaint.

PEIG.—Coṁraiġe Dé ċugainn! Á, a Ṁáiġistir, ná habair sin lem' ṗortán boċt.

ROIBEÁRD.—Seo, a ṁáṫair, siuḃail leat a ḃaile.

EIBLÍS.—Féaċ, a Roibeárd, ó'n lá do ċuir Dia ċugam tú do ḃí sé socruiġṫe agam, dá mairfeá leis go mbeiṫeá fá réim agus fá ṁeas ins an áit seo, agus go mbeiṫeá go hárd imeasc uaisle Uí Ḃriocáin mar baḋ ċuiḃe agus baḋ ḋual duit.

ROIBEÁRD (go tarcuisneaċ).—I measċ na nGall-ṗoc an eaḋ?

EIBLÍS.—Sin í cainnt dícéillíḋe t'aṫar arís. Do ṫugas cúig céad giní liom go Cill Ċriocáin—

PEIG.—Gan tráċt ar an airnéis, a Ṁáiġistreás.

EIBLÍS.—Go díreaċ, a Ṗeig (le Roibeárd) agus baḋ ċóir go mbeaḋ rud éigint agam-sa le ráḋ le pé socruġaḋ a ḋéanfaiḋ t'aṫair.

ROIBEÁRD.—Is baoġal liom ná fuil éan-náire ort. Cad baḋ ġáḃaḋ duit t'aigne do noċtaḋ agus fios do ġnóṫa do ṫaḃairt do Ṗeig Ní Ċorḃáin? Beiḋ gaċ éan-ḟocal a duḃairt tú annso anoċt ar fuaid an ṗaróiste i mbáireaċ agus socruġaḋ ag Peig air.

PEIG.—Ó faire go deo, a Ṁáiġistir, ní ḋéanfainn é sin. Ní ḋéanfainn go deiṁin, a Ṁáiġistreás.

CORMAC (i leaṫ-taoiḃ).—Ṁaise, nár ċuirimíd bréag ort—ní ḋéanfá mar 'ḋeaḋ.

EIBLÍS.—Féaċ, a Roibeárd, níl 'ḟios agat cad tá tú a ċaiṫeaṁ uait.

ROIBEÁRD.—Agus cad táim a ċaiṫeaṁ uaim?

EIḂLÍS.—Éiriġ ar maidin i mbáireaċ agus téiġir i n-áirde ar Ċnoc na Lioda. Féaċ uait síos go dtí an Ċaṫair agus as soin amaċ go bruaċ na fairrge, go Rinn an Uaċtair; tart timċeall go Caisleán an Ḟraoiġ; soir ó ṫuaiḋ go Droman agus i leiṫ trasna an Oileáin go dtí an Baile Árd agus Cill Ċrocáin arís. Má bíonn an ṁaidean go breaġ beiḋ aṁarc áluinn fá do ṡúiliḃ—níl aṁarc níos deise i nÉirinn. Breaṫnuiġ ar na maċairíḃ féarṁara úd i gCluan Bóinne i gCnoc an tSean-baile, agus ins an gCluain. Is 'mḋó acra méiṫ saiḋḃir atá taoḃ istiġ de'n limistéar úd agus táir ċun na háite go léir do leigint uait.

CORMAC (i leaṫ-taoiḃ).—Dar fiaḋ, aċt tá a lán cainnte sa méid atá le ráḋ ag Eiḃlís anoċt.

ROIBEÁRD.—Aċt, ár ndóiġ, ní lem' aṫair an méid sin talṁan?

EIḂLÍS.—Ní leis, aċt déanfaiḋ mise cleaṁnas duit le inġin an Ġearaltaiġ agus beiḋ an ċuid is mó ḋe agat-sa annsoin.

ROIBEÁRD.—Naċ deas atá gaċ éan-ruḋ soc-ruiġṫe agat. Seo, siuḃail leat a ḃaile, agus ná leig do sna biṫeaṁnaiġ seo óinseaċ ar fad a ḋéanaṁ díot.

CORMAC (i leaṫ-taoiḃ).—Tá an coileán óg ag aṁastraiġ arís.

EIḂLÍS.—Nílim-se aċt ag féaċaint a' gcoimeád-fainn an áit duit mar baḋ ṁaiṫ liom ruḋ éicint do beiṫ agat de ḃárr na gcúig céad nginí úd do ṫugas liom go Cill Ċrocáin—cúig céad giní, a Ṗeig.

PEIG.—Baḋ breaġ an spréiḋ í, a Ṁáiġistreás.

CORMAC (i leaṫ-taoiḃ).—Dá mbeaḋ a leaṫ agam-sa do ṫiuḃrainn gaoṫ ḋó agus do ḃainfinn sult as an saoġal leis.

EIḂLÍS.—Cad é sin a deireann tú, a Ċormaic?

CORMAC.—Mo ṗaidreaċa do ḃíos a ráḋ, a Ṁáiġistreás, do ḋeineas dearṁad orṫa ar maidin.

EIBLÍS.—A' 'neosaiḋ tú ḋúinn cá ḃfuil an Seaḃac imṫiġṫe?

ROIBEÁRD.—Ní 'neosad.

EIBLÍS.—Ġeoḃaimíd amaċ é gan spleaḋċas duit, agus ġeoḃaimíd an teistiméireaċt leis dá mbeaḋ sé orm féin an Seaḃac do leanaṁaint go dtí an doṁan ṫoir.

ROIBEÁRD.—Agus é ṁarḃaḋ.

EIBLÍS.—Éist do ḃéal, a ḃaoṫáin; ḃí duine éicint ag séideaḋ fút le déiḋeannaiġe.

ROIBEÁRD.—Tá Peig ag séideaḋ fút-sa go tréan le déiḋeannaiġe.

EIBLÍS.—Seo, bailiġ leat a ḃaile as so, ní éistfiḋ mise níos sia le cainnt dá leiṫéid seo.

ROIBEÁRD.—Féaċ, a ṁáṫair, is bean an-uaiḃreaċ agus an-ċruaiḋ-ċroiḋeaċ agus an-ċruaḋálaċ tusa. Tá an trainnt agus an ṁór-ċúis 'od' ḋallaḋ. Seaċain tú féin ar Ṗeig agus cuiṁniġ go ḃfuil Dia i n-áirde. Táim-se réiḋ leat-sa agus le Cill Ċrocáin anois.

[ROIBEÁRD amaċ].

CORMAC (i leaṫ-ṫaoiḃ).—Galar niṁe id' ḃéal agat, a ġlaiġín.

EIBLÍS.—Ha! ha! ha! Tá na sciaṫáin ró-lag fós agat, a ṁic ó, ċun nead do ṁáṫar do ṫréigint ċoṁ luaṫ soin.

CORMAC.—Tá na seolta ró-árd aige mar adéarfá.

EIBLÍS.—Aċt, a Ċormaic, níl éan-ḃaoġal air aċt go leanfaiḋ tú an Seaḃac.

CORMAC.—Níl an margaḋ déanta ar fad fós againn, a Ṁáiġistreás.

EIBLÍS.—Féaċ, a Ċormaic, tabarfaiḋ mé deiċ nginí síos duit agus fiċe giní nuair ṫiocfaiḋ tú ar ais leis an teistiméireaċt.

PEIG.—Agus b'ḟéidir, a Ṁáiġistreás, go dtabarfá féirín maiṫ dúinn nuair a ḋéanfaiḋ tú an cleaṁnas úd do Roibeárd.

EIBLÍS.—Tabarfad go cinnte; aċt cad deir tú lem' ṫairgsint, a Ċormaic?

CORMAC.—Ní maiṫ liom freagra do ṫabairt duit anoċt, a Ṁáiġistreás. B'ḟéidir ná féadfainn dul ar an turus so i n-éan-ċor, agus do beiṫeá id' bannbairne annsoin. Aċt tabarfaiḋ mé freagra ḋuit ist oiḋċe i mbáireaċ.

EIBLÍS.—Tá go maiṫ. Bíḋiḋ ag Tobar na Cille ist oiḋċe i mbáireaċ mar sin le héirġe na gealaiġe.

PEIG.—Beimíd ann, a Ṁáiġistreás, fé beiṫ slán dúinn.

EIBLÍS.—Go dtugaiḋ Dia oiḋċe ṁaiṫ ḋíb!

[EIBLÍS amaċ.]

PEIG agus CORMAC.—Go dtugaiḋ Dia slán a baile tú, a Ṁáiġistreás.

PEIG.—Dar fiaḋ, a Ċormaic, aċt do ḋeinis do ġnó go háluinn anoċt. Bí eagla orm go loitfeá an scéal ar fad aċt níor loitis.

CORMAC.—Bíos ró-ḃóg léi.

PEIG.—Bíoḋ foiḋne agat go mbeiḋ greim ar an teistiméireaċt agat.

CORMAC.—Aċt a' mbeiḋ sé im' ċumas an Seabac do ṁeallaḋ?

PEIG.—Cad do béarfaḋ ná beaḋ? Beir biorán suain leat ag imṫeaċt duit. A' dtuigeann tú?

CORMAC.—Tuigeann Taḋg Taiḋgín---fág fúm-sa é

Peig.—Agus nuair beiḋ an gnó socruiġṫe ṫall agat agus dorn óir faġta agat ó Eiḃlís—

Cormac.—Agus an féirín úd—

Peig.—Ḃíos ag teaċt ċuige sin—ní ḋéanfar an cleaṁnas úd go bráċ.

Cormac.—Cia an ċiall?

Peig.—Tá croiḋe lag ag Roibeárd agus ġeoḃaiḋ sé bás obann lá éicint, a' dtuigeann tú?

Cormac.—Táim buailte an uair seo.

Peig.—Nuair beiḋ An Seaḃac agus Roibeárd as an tsliġe ġeoḃaiḋ tusa do ċuid féin agus bainfiḋ mise cuid de'n ḃrotal d'Eiḃlís mar do ḃain sise an flaiṫeas díom-sa.

Cormac.—Aċt cionnus a éirġeoċaiḋ sé go ḃfaġaiḋ mise mo ċuid féin.

Peig.—Mar ní beiḋ sé i gcumas d'éinne an áit do ṫógaint an ḟaid a beiḋ na páipéirí seo—aċt cá ḃfuil siad nó cad do ḋein mé leo? (Cuarduiġeann sí a cuid éadaiġ). Dar fiaḋ, aċt tá siad caillte agam. Naċ mé an óinseaċ! Is aṁlaiḋ do tuiteadar as mo ṗóca nuair leagamar an taistealaċ úd ó ċianaiḃ, droċ-raṫ air! Seo leat go ḃfeicimíd a' ḃfuil siad ar an mbóṫar. Mara ḃfuil siad le fáġáil arís beimíd buailte.

Cormac.—Aċt cad iad na páipéirí a ḃí agat?

Peig.—Páipéirí a ḋéanfaḋ fear saiḋḃir díot-sa.

Cormac.—Seo leat, seo leat mar sin, corruiġ.

[Peig agus Cormac amaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe ċlé. An tAṫair Gearóid isteaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe deise.]

An tAṫair Gearóid (ag féaċaint 'n-a ndiaiḋ agus ag bagairt orṫa le n-a ḋorn).—Dearg-náire ċuġaiḃ lá aonaiġ agus margaiḋ agus naċ siḃ-se do ṫug an bascaḋ dam a' féaċaint an raiḃ airgead agam.

Agus naċ deas an cleas d'imir Peig ṁacánta orm leis an gclóca. Aċt ní ḟeadar cad é seo d'ḟágadar 'n-a ndiaiḋ (tógann sé ceanglaċán as a ṗóca). Rud éigint a ġoideadar, táim suiḋte ḋe, aċt beiḋ 'ḟios agam go gairid cad tá ann.

[Téiḋeann sé amaċ go bruaċ an ailltriġ].

Buiḋeaċas mór le Dia go bfuilim ar ais in Uí Ḃriocáin arís, pé faid a beiḋ sé i gcumas dam fanaċt ann—aċt, a Ḋia ṁóir na bfeart, cad é seo atá ar siuḃal fám' ṡúiliḃ annso? (iompuiġeann sé isteaċ go hobann) fear agus bean i bfolaċ ag suiriġe an uair seo de'n oiḋċe. Ó, ḃó! ḃó! ḃó! an iongna ar biṫ é go bfuil an tír ḃoċt so fá ċráḋ agus fá anró má ḃíonn gnó de'n tsórt so ar siuḃal ann de ġnáṫ. (Téiḋeann sé go bruaċ an ailltriġ arís). Faire fúiḃ! Éiriġiḋ as soin agus bailiġiḋ liḃ a ḃaile. Éiriġ, a ṗiortoirín ḟalaiġ, agus dá mbeaḋ bata agam do ḃeinn ag gaḃáil de ḃata ionnat agus san dailtín úd id' ḟoċair go dtuitfinn ar mo ṡeasaṁ. An airġeann siḃ mé?

[Taḋg aníos.]

TAḊG.—Céad míle fáilte roṁat, a ḃaile arís, a Aṫair Ġearóid.

AN TAṪAIR GEARÓID.—Go raiḃ míle maiṫ agat, a Ṫaiḋg, agus an tusa atá ann? Aċt, a Ṫaiḋg, ní maiṫ liom an gnó so. D'ḟéadfá—

[Eiḃlín aníos.]

EIḂLÍN.—A Aṫair Ġearóid, a Aṫair Ġearóid, tá aiḃéis croiḋe orm go bfuil tú ag baile arís, agus céad míle fáilte roṁat.

AN TAṪAIR GEARÓID.—Agus, a Eiḃlín, a leinḃ mo ċroiḋe, an tusa do ḃí i bfoċair Ṫaiḋg síos annsoin?

EIḂLÍN.—Is mé, agus ḃíomar araon ag scoilteaḋ le gáiriḋe ag éisteaċt leat.

An tAṫair Gearóid.—Á, ní raiḃ 'ḟios agam cé ḃí ann. Gaḃaim míle pardún agaiḃ, aċt cad do ṫug annso siḃ an uair seo de'n oiḋċe?

Eiḃlín.—Ṫángamar ċun slán a ḟágaint ag an Seaḃac. Tá sé imṫiġṫe go dtí an Ḟrainnc.

An tAṫair Gearóid.—Slán beo aige agus go n-éirġiḋ an t-áḋ leis. Aċt do ḃí súil agam go mbéarfainn air sula n-imṫeoċaḋ sé.

Eiḃlín.—Ḃí 'ḟios agat mar sin go raiḃ sé ċun imṫeaċt.

An tAṫair Gearóid.—Ḃí, mar ḃíos ag cainnt le n-a sean-ḃanaltra, Máire Ḃán, indé agus fuaras an scéal ar fad uaiṫi: aċt a' ḃfaca siḃ Peig Ní Ċorḃáin agus beirt eile—fear agus bean—annso ó ċianaiḃ?

Tadg.—Naċ uata do ċuamar i ḃfolaċ, leaġaḋ ċuipe na haḃann orta!

An tAṫair Gearóid (go feargaċ).—A Ṫaiḋg, ná bí ag eascainiḋe—cuiṁniġ go ḃfuil bean uasal láiṫreaċ.

Tadg.—Gaḃaim míle pardún agat, a Aṫair, agus agat-sa leis, a Ṁáiġistreás.

Eiḃlín.—'Siad Eiḃlís Craeċ agus Cormac na gCaoraċ an ḃeirt eile.

An tAṫair Gearóid.—Ar tóir an tSeaḃaic a ḃíodar, is dóċa.

Tadg.—Ḃás múċta orta, ní head mar ní raiḃ 'ḟios aca go raiḃ sé annso.

An tAṫair Gearóid.—Ag eascainiḋe arís, a Ṫaiḋg?

Tadg.—Ṁaise, féaċ, a Aṫair, níl leiġeas agam air. Do scoiltfinn mara leigfinn amaċ í, mar do ċuaiḋ sé ṫríom go mór an feall d'imreaḋ ar an Seaḃac boċt. Tóirneaċ orta!

EIḂLÍN.—Do réiḋtiġeadar annso ó ċianaiḃ go raġaḋ Cormac ar ṫóir an tSeaḃaic ċun teistiméir-eaċta an ṗórta do ġoid uaiḋ nó é féin do ċur ar an tsliġe.

AN TAṪAIR GEARÓID.—Coṁraiġe Dé ċuġainn, aċt is diaḃalta an gnó é, agus is baoġal liom go mairḃeoċaiḋ an croċaire malluiġṫe úd é má ġeiḃeann sé faill air.

EIḂLÍN (go mórḋálaċ).—Ní ṁairḃeoċaiḋ, a Aṫair, mar raġaiḋ mise go dtí an Ḟrainnc ċun an tSeaḃaic do ċur ar a ḟeaċaint.

AN TAṪAIR GEARÓID.—Greiḋin mo ċroiḋe tú, a Eiblín! Fuil Táil go deo! míle molaḋ le Ríġ na Glóire, níl sean-spioraḋ na nGaeḋeal múċta ar fad fós. Aċt, a Eiblín, a ċroiḋe, ní ḟéadfá dul ar an dturus fada contaḃartaċ so id' aonar. Ṫeastóċaḋ giolla uait.

TAḊG.—Raġaiḋ mise léi, a Aṫair, agus má ġeiḃim-se greim ar Ċormac tall ciorrfaiḋ mé a ċeann dó go háirite.

AN TAṪAIR GEARÓID.—An Tál-fuil uasal arís! Taḃair ḋam do láṁ, a Ṫaiḋg. Ní ḟéadfaḋ an fear is mó cáil i nÉirinn indiu beart níos fearaṁla do ḋéanaṁ ar son mná uaisle ar biṫ. Agus guiḋim-se ar Ḋia go n-éireoċaiḋ liḃ. Taḃarfaiḋ mé ḋíḃ gaċ congnaṁ is féidir liom ċun na mbiṫeaṁnaċ úd do ċlaoiḋe agus do smaċtuġaḋ. Go mbuaiḋiḋ Dia liḃ, agus Dia go deo le Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile!

BRAT ANUAS.

An Tríoṁaḋ Gníoṁ.

[An Ċéad Radarc.—Meaḋón oiḋċe i gcampa i gciuṁais coille i bFlonndras, le hais Fontanoi. Cábán ar ṫaoiḃ na láiṁe deise, agus Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile 'n-a ṡuiḋe ann ag scríoḃaḋ litre ar ċeann droma. Dromadóir 'n-a ṡeasaṁ le taoiḃ an tSeaḃaic agus lanntaer 'n-a láiṁ aige ag taḃairt soluis dó. Teine ṁór ar an taoiḃ ṫiar agus saiġdiúirí 'n-a luiġe annso agus annsúd ṫart tiṁċeall na teineaḋ agus iad ag aṁrán dóiḃ féin.]

A Ġasra Ḃreaġ.*

A ġasra ḃreaġ so 'en Tál-ḟuil ṁuair
Tá i bfad ar fán ó Ċlár ġeal Ṫuaṁan,
'Seaḋ gaḃaiḋ sé átas gárṫa is duain
Don táin sé ḃuairt i n-iaiṫiḃ Eoġain!
Is fada sinn-na, slóġ na mbuaḋ,
Ag braiṫ ar filleaḋ i gcóir 's i bfuaim
Ċun brataċ druinge cróine an ċruais
Do ċur a tuataiḃ Ḃriain go deo.

Curfá:

Dia go deo le slóġ na nGaeḋeal!
Dia go deo le coṁaċt a láṁ!
Dia ḋár seolaḋ, i gcóir an lae,
'Mun Ḃrianaċ cróḋa ar Éirinn ḃáin!

Is cuiṁin linn tnáṫaḋ ár ndúiṫċe glé—
A cnaoi 's a cás, 's a bruġaḋ age Ḃéir;
Na buiḋeanta b'áilne i gcuṁangsaċ géar
Ṫár sáile i gcéin gaċ bliaḋain fé ṡeol;
Aċt gaḃaiḋ misneaċ, múscláiḋ féin,
Is fairiḋ linn-na ar lonnraḋ an lae
Go gcasfam uile i bfonn 's i bfaobar
Ar ċríoċaiḃ Gaeḋeal fé'n mḂrianaċ Mór.
—Curfá.

---

* Tórna ccc.

'Sé deir an sáir-ḟear saorḋa suairc :
" Beiḋ deireaḋ lá le ré na ruag ;
'S ní ċeipfiḋ táinte tréana Tuaṁan
Ba ġléire i mbuaḋ 's i ngliaḋaiḃ slóġ."
Tá an seana-smior sa laoċ so luaḋaim ;
Don tSasanaċ is baoġal a luas ;
Is leanfam-na go héag, dar Duaċ,
San raon go buaḋaċ i ndiaiḋ an leoġain !
—Curfá.

BRIAN.—Á, mo lomaḋ ! is fada sinn ag braiṫ ar filleaḋ, aċt is baoġal liom gur fada uainn an lá fós.

DOṀNALL.—Cad tá ort i n-éan-ċor anoċt, a Ḃriain, go ḃfuil gruaim ċoṁ mór soin ort ? 'Seaḋ, a ḋuine, ná bí ag cannrán agus gaċ éinne id' ḟoċair ċoṁ spleodraċ soin.

BRIAN.—Má táim ag cannrán féin, a Ḋoṁnaill, b'ḟéidir go ḃfuil fáṫ leis. Éistiḋ liom go fóill, a ḃuaċaillí. Táim-se i n-arm na Fraince le cúig bliaḋna déag, agus is 'mḋó preabaire groiḋe do ċonnacas ag teaċt ċugainn ó Éirinn ar feaḋ na haimsire sin. 'Seaḋ agus do ḃí súil aca go léir go ḃfillfidís arís lá éicint ; aċt cá ḃfuil siad indiu ? Tá na mílte aca fá'n ḃfód agus tá a gcnáṁa ag leasuġaḋ na talṁan ar fuaid na hEorpa ; agus cad tá againn dá ḃarr ?

SAIĠDIÚIR.—Deaṁan pioc, a Ḃriain.

SAIĠDIÚIR EILE.—Dar fiaḋ ! aċt tá roinnt céille i gcainnt Ḃriain ; leigiḋ dó. Seo leat, a Ḃriain.

BRIAN.—Támaoid-ne ag troid ar son na Fraince le cúig bliaḋna is dáḟiċid, aċt a' ḃfuil deireaḋ curṫa fós againn le géar-ḃruid agus géir-leanaṁaint na hÉireann ? Ná fuil uaċtar-láṁ ag na Gall-ṗuic ann indiu níos tréine 'ná mar ḃí sé riaṁ aca ?

DOṀNALL.—Seo, a Ḃriain! Ól smeaṫáinín brannda agus ruaigfiḋ sé na smaointe duḃa úd ar do ċeann.

BRIAN.—Ní inniu ná inné d'éiriġ na smaointe seo im' aigne, agus ní ċuirfeaḋ smeaṫáinín brannda ar mo ċeann iad.

DOṀNALL.—Beiḋ lá aereaċ againn i mbáireaċ, a Ḃriain. Cuirfimid an ruaig ar na Sasanaċaiḃ.

BRIAN.—Agus cad é an maiṫeas a ḋéanfaiḋ sé sin do'n tír boiċt ċráiḋte d'ḟág siḃ-se 'n bur ndiaiḋ anuraiḋ?

DOṀNALL.—Brisfear cuṁaċt na Sasanaċ i mbáireaċ, a Ḃriain.

BRIAN.—Dá mbrisfeaḋ caint í! Is baoġal liom go mbeiḋ siad ró-láidir dúinn; aċt b'ḟearr liom-sa go mór cuṁaċt na Sasanaċ do ḃriseaḋ ag baile—ar ṁaċairíḃ Ṫuaḋ-Ṁuṁan, cuir i gcás.

DOṀNALL.—Brisfimid annsúd í ar ball, a Ḃriain, nuair "beiḋ barca líonta ar barra taoide is fuaim ar sáil."

BRIAN.—Gaoṫ, gaoṫ, a Ḋoṁnaill.

SAIĠDIÚIR.—An ġaoṫ aniar!

[Scaipteann siad go léir ar ġáiriḋe.]

BRIAN.—Go séidiḋ an diaḃal aniar í ṁaise! Cím ná fuil éan-ṁaiṫ a beiṫ ag caint liḃ. Níl uaiḃ-se aċt faill a ḟáġáil ar na Sasanaċaiḃ annso.

DOṀNALL.—Agus geoḃaimíd i mbáireaċ í fé beiṫ slán dúinn.

SAIĠDIÚIR.—Fan, a Ḃriain, go gcloisfiḋ tú an screaḋ a leigfiḋ An Seaḃac as i mbáireaċ.

BRIAN.—Beiḋ Laoiseaċ fá ċomaoin ṁóir agaiḃ; aċt a' ndíolfaiḋ sé an coṁar ní ḟeadar? Mo lomaḋ!

Is breaġ an rud an óige, oċón! (Leigeann sé cnead as.) Tá an codlaḋ 'om ṫraoċaḋ agus mo ċroiḋe boċt cráiḋte.

DOṀNALL.—Támaoid go léir tuirseaċ, agus is dóiġ liom go dteastuiġeann dreas codalta uainn i gcoinne an lae i mbáiriġ.

SAIĠDIÚIR (ag cneadaḋ).—Tá an ceart agat, a Ḋoṁnaill.

CÁIT ḂUIḊE (bean feasa) agus CORMAC NA gCAORAĊ isteaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe deise.

CÁIT.—Seo í an áit agat anois, agus sin é an Seaḃac annsúd san gcábán.

CORMAC.—'Sé go deiṁin; agus tá tú cinnte go n-éirġeoċaiḋ mo ṫurus liom.

CÁIT.—Táim deiṁniġṫe de. 'Seaḋ, agus éirġeoċaiḋ tú féin go hárd san tsaoġal lá éicint—(i leat-ṫaoiḃ)—ar ḃata na croiċe.

CORMAC.—Ní gábaḋ ḋuit teaċt níos sia liom anois. Go dtugaiḋ Dia oiḋċe ṁaiṫ ḋuit.

[Imṫiġeann CORMAC anonn trasna agus amaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe clé.]

CÁIT.—Gurab aṁlaiḋ ḋuit. Ḃiteaṁnaċ 'seaḋ é siúd, táim suiḋte de, agus tá an t-airgead go fairsing aige. B'féidir gur ḃraṫadóir é. Cuirfiḋ mé an Seaḃac ar a ṫóir láiṫreaċ.

[FAIRGṪEOIR isteaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe clé.]

AN FAIRGṪEOIR (go ciúin).—Ḃfuil siḃ 'n ḃur gcodlaḋ, a ḃuaċaillí?

SAIĠDIÚIR.—Tá cuid againn; cad tá uait—smeatáinín brannda, an eaḋ?

AN FAIRGṪEOIR.—Ní heaḋ. Tá an tiarla ag teaċt i leiṫ annso.

CÁIT.—An Brianaċ féin! Dá bfeicfeaḋ sé annso mé, do ḃeinn caillte.

[Cáit amaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe deise.]

SAIĠDIÚIR.—An tIarla! Cad é an gnó atá aige annso, ní ḟeadar?

AN FAIRGṪEOIR.—Deaṁan a bfeadar. Éist, tá sé ċugainn!

[Imṫiġeann an FAIRGṪEOIR. Tagann an BRIANAĊ isteaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe clé. CAPTAON MAC DONNĊAḊA isteaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe deise.]

AN BRIANAĊ.—Á! a Ṁic Uí Ḋonnċaḋa, agus cia an ḃail atá ort?

AN CAPTAON.—Táim go groiḋe, a Ṫiġearna—do ċuirís fios orm?

[Croiṫeann siad láṁ le n-a ċéile.]

AN BRIANAĊ.—Do ċuireas. Tá rud éicint agam le ráḋ leat.

AN CAPTAON.—I dtaoḃ an lae i mbáiriġ, is dóċa? Cionnus a n-éirġeoċaiḋ linn, an dóiġ leat?

AN BRIANAĊ.—Brisfimíd an caṫ ar na Sasanaċaiḃ mara bfuil díoġḃáil déanta.

AN CAPTAON.—Cionnus a mbeaḋ díoġḃáil déanta?

AN BRIANAĊ.—Tá aitṁéala orm a ráḋ leat go bfuil fealltóir 'n-ár measc, agus is baoġal liom go bfuil eolas ag na Sasanaċaiḃ ar an gcaoi 'n-a bfuil gaċ éin níḋ curta i gcóir annso i gcoinne an ċaṫa.

AN CAPTAON.—Dar fiaḋ! aċt is olc an scéal é sin—an-olc ar fad. Aċt a' bfuil 'ḟios agat cé hé an biṫeaṁnaċ seo?

AN BRIANAĊ.—Tá, agus cuirfiḋ sé iongantas ort-sa nuair ċloisfiḋ tú cé hé.

AN CAPTAON.—Beir air agus taḃair dó an ċroċ. Aċt cé hé féin?

AN BRIANAĊ.—Níl sé ró-ḟada uait anois.

AN CAPTAON.—Éireannaċ an eaḋ?

AN BRIANAĊ.—An Cuimíneaċ.

AN CAPTAON (scannruiġte).—An Seaḃac?

AN BRIANAĊ.—Is dóiġ liom go ḃfuil an t-ainm úd ag na saiġdiúiriḃ air.

AN CAPTAON.—Is baoġal liom gur meallaḋ tú ar ċuma éicint, a Ṫiġearna.

AN BRIANAĊ.—Níor meallaḋ, go deiṁin. Feall-tóir 'seaḋ é ċoṁ cinnte is táim-se ag caint leat.

AN CAPTAON.—Ná habair é sin, a Ṫiġearna, ná habair é sin. Ní ċreidfinn ó éinne gur fealltóir é. Níl fear ċoṁ seasṁaċ leis i measc na nÉireannaċ go léir.

AN BRIANAĊ.—Tá fiaḋnaise láidir agam-sa 'n-a ċoinne.

AN CAPTAON.—Cé tug an t-eolas duit?

AN BRIANAĊ.—Do rugaḋ ar teaċtaire do ċuir sé go campa na Sasanaċ um ṫráṫnóna.

AN CAPTAON.—Saiġdiúir, an eaḋ?

AN BRIANAĊ.—Ní heaḋ; aċt Éireannaċ b'eaḋ é, agus fear ó Uí Ḃriocáin leis.

AN CAPTAON.—Baḋ ṁaiṫ liom é ḟeicsint.

AN BRIANAĊ.—Níl tásc ná tuairisc againn air. D'éaluiġ sé uainn arís go díreaċ glan mar do ṡluigfeaḋ an talaṁ é.

AN CAPTAON.—Há! agus cad duḃairt sé i dtaoḃ an tSeaḃaic?

AN BRIANAĊ.—Duḃairt sé gur tug an Cuimíneaċ litir dó le taḃairt go campa na Sasanaċ, agus tá an litir agam-sa. Cad deir tú anois?

AN CAPTAON.—Cad do ḃí san litir?

AN BRIANAĊ.—Eolas cruinn i dtaoḃ suiḋiṁ an airm agus líonṁaireaċta na bfear.

AN CAPTAON.—Níor scríoḃ sé an litir úd riaṁ; agus má’s rud gur scríoḃ, éirġeoċaiḋ mise ar an arm agus taḃarfaiḋ mé mo ċlaiḋeaṁ suas duit láiṫreaċ. Teaspáin dam an litir, má’s é do ṫoil é.

AN BRIANAĊ.—Faiġ lanntaer dam.

AN CAPTAON.—A Ḋromadóir, beir i leiṫ ċuġam an lanntaer go fóill.

AN DROMADÓIR.—Beiḋ mé ċuġat láiṫreaċ, a Ċaptaon.

[Tagann an Dromadóir i leiṫ agus beannuiġeann sé ḋóiḃ.]

AN BRIANAĊ.—An Franncaċ tusa, a Ḋromadóir?

AN DROMADÓIR.—Franncaċ, a Ṫiġearna? Baḋ ḋeacair an rud Franncaċ do ḋéanaṁ díom-sa ná luċ aċt an oiread—Éireannaċ ’seaḋ mise agus saiġdiúir leis.

AN BRIANAĊ (ag gáiriḋe).—Dar fiaḋ! Aċt is géar-ċúiseaċ an duine beag ṫú. Seo píosa óir duit agus tá cead do ċoise agat go fóill.

[Imṫiġeann an DROMADÓIR.]

AN CAPTAON.—An litir anois, a Ṫiġearna.

AN BRIANAĊ.—Seo ḋuit í, agus is baoġal liom go gcuirfiḋ an litir ċéadna an lúb fá ṁuineál an tSeaḃaic.

AN CAPTAON (ag féaċaint ar an litir agus ag gáiriḋe).—Ní baoġal dó, a Ṫiġearna; níor scríoḃ sé an litir seo riaṁ (cuireann sé an páipéar idir é féin agus an solus agus féaċann sé air).

AN BRIANAĊ.—Cá bfios duit?

AN CAPTAON.—Ní hí scríḃneoireaċt an tSeaḃaic atá san litir seo.

An Brianaċ.—D'ḟéadfaḋ sé atruġaḋ do ḋéanaṁ ar a scríbneoireaċt.

An Captaon.—Níor ċuir sé cleite leis an bpáipéar so riaṁ.

An Brianaċ.—Nár ċuir anois?—cá bfios duit?

An Captaon.—Do deineaḋ an páipéar so i Sasana agus cá bfuiġeaḋ sé páipéar de'n tsórt so? Tá feall éicint dá imirt ar an Seabac.

An Brianaċ.—Feall dá imirt ar an Seabac, an eaḋ?

An Captaon.—Gan aṁras. Féaċ, siúd é ṫall san gcábán é; buailimís anonn ċuige agus beiḋ 'ḟios againn go gairid an bfuil sé ciontaċ nó ná fuil.

An Brianaċ.—Táim sásta. Aċt féaċ, a Ċaptaon, má tá sé ciontaċ daorfaiḋ mise ċun croċta ós coṁair an airm i mbáireaċ é.

An Captaon.—Agus cuirfiḋ mise an téad fá n-a ṁuineál duit, a Ṫiġearna.

[Téiḋeann an Brianaċ agus an Captaon isteaċ sa gcábán.]

Guṫ Amuiġ.—

"Tá mo ċosa dóiġte 'n-a gluigiḃ scólta,
Ó ṡiuḃal na mbóiṫre fada fraoiġ."

Is millteaċ an áit í seo, agus naċ orm a ḃí an butún an lá d'ḟágas mo ḋúṫaiġ féin. Ó ḃó! ḃó! ḃó! Á, dar fiaḋ aċt tá mo ċos briste.

[Cormac isteaċ agus crúiscín fá n-a ascaill aige. Baintear tuisle as ag teaċt isteaċ dó.]

Cormac.—Ní feadar i n-éan-ċor cá bfuil muinntir Uí Ḃriocáin annso. Táim ar a lorg ó ṁaidin agus táim cnáiḋte; aċt b'ḟéidir go bfuil siad agam anois. Bail ó Ḋia oraiḃ, a ḃuaċaillí! A' bfuil éinne annso ó Uí Ḃriocáin?

DOṀNALL.—Tá, Dia beaṫa ċugainn. Druid i leiṫ ċugainn. Cé hé tú féin?

CORMAC.—Buaċaill boċt ó Uí Ḃriocáin 'seaḋ mise.

NA SAIĠDIÚIRÍ.—Ó Uí Ḃriocáin, an eaḋ? Ṁaise, céad fáilte roṁat. Ḃfuil éinne leat?

CORMAC.—Deaṁan duine aċt mé féin.

DOṀNALL.—Druid isteaċ go dtí an teine agus suiḋ. Ce'r díoḃ tú i nUí Ḃriocáin—cé an t-ainm atá ort?

CORMAC.—De sna Caṫalaiġ 'seaḋ mise—Eoin Ó Caṫail is ainm dam.

DOṀNALL.—Agus cad é an scéal atá agat ó Uí Ḃriocáin?

CORMAC.—Ṁaise, go bfóiriḋ Dia orainn! gaċ scéal níos donaiġe 'ná céile.

BRIAN (ag dúiseaċt).—Do ṡaoilear go raiḃ siḃ go léir 'nbur gcodlaḋ fad ó.

DOṀNALL.—Tá fear ó Uí Ḃriocáin annso, a Ḃriain.

BRIAN.—Tá agus deiċneaḃar—téiġiḋ a ċodlaḋ.

DOṀNALL.—Aċt tá fear annso do ṫáiniġ ċugainn anoir láiṫreaċ.

BRIAN.—Cá bfuil sé?

CORMAC.—Táim annso, a ḋuine uasail?

BRIAN.—Agus cad do ṫug annso tú—a ḋuine uasail?

CORMAC.—Ag féaċaint a' bfuiġinn aga ċun dul san arm?

BRIAN.—Agus cad é an gnó atá agat san arm?

CORMAC.—Congnaṁ do ṫaḃairt díḃ-se náṁaid na hÉireann do ċur fé ċois.

[Scaipteann na saiġdiúirí go léir ar ġáiriḋe.]

BRIAN.—Ní heaḋ, airiú, aċt féaċ ar an leibide atá ag braṫ ar ḋul san arm! Ṁaise, mo ṡaoġal dearg ort.

CORMAC.—Ní ḃeaḋ eagla orm roiṁ diabal ná duine.

BRIAN.—Dá mbeaḋ feor agus píce id' ċoinne is beag an treoir ná an teaċt-aniar do ḃeaḋ ionnat.

DOṀNALL.—Éist do ḃéal, a Ḃriain! níl 'fios agat aċt b'féidir go ḃfuil áḋḃar taoisiġ ann, agus glacfaimíd é má ḃíonn sé oireaṁnaċ. A Ḋromadóir, cá ḃfuil tú?

AN DROMADÓIR (le Cormac).—Seas annso ós mo ċoṁair go ḃfeiciḋ mé 'ḃfuil éan-ṁaiṫ ionnat.

CORMAC.—Fan go ḃfuiġiḋ mise faill ar na Sasanaċaiḃ agus ċífiḋ siḃ annsoin an ḃfuil éan-ṁaiṫ ionnam.

AN DROMADÓIR (ag cur a láiṁe fá smigín Ċormaic).—Árduiġ do ċeann agus díriġ tú féin. Sin é é. Ní gáḃaḋ ḋuit do ḃolg do ċur amaċ ċoṁ fada soin.

> [Tugann an DROMADÓIR poc san mbolg dó agus leig-eann CORMAC grág as. Scaipteann na saiġdiúirí go léir ar ġáiriḋe arís].

CORMAC.—Ċím go ḃfuil fonn magaiḋ oraiḃ, aċt leigiḋ ḋam agus taḃarfaiḋ mé braoinín branda ḋíḃ.

DOṀNALL.—Beiḋ an branda againn ar ball—ḃfuil an scrúduġaḋ ṫart, a Ḋromadóir?

AN DROMADÓIR.—Cúmpaċán 'seaḋ é seo. Tá sé ċoṁ cam le haḋarc péiṫe, agus caiṫfimíd an ṗluid a ṫaḃairt dó.

NA SAIĠDIÚIRÍ.—Seaḋ, an ṗluid, an ṗluid.

[Beirtear ar CORMAC agus cuirtear 'n-a luiġe ar an bpluid é. Bailiġeann na saiġdiúirí go léir timċeall na pluide, beireann siad ar a ciumhais agus árduiġeann siad CORMAC. Caiṫeann siad i n-áirde ar an bpluid é fé ḋó agus iad go léir ag sgairtiġíl. Airġeann an SEAḂAC an cárábó agus tagann sé amaċ ar an gcábán].

AN SEAḂAC.—Cad tá ar siubal agaiḃ annso, a ḃiṫeamhnaiġ? An pluid, an eaḋ? Seo, scuiriḋ. Agus cé hé seo atá agaiḃ innti?

CORMAC.—Fear ó Uí Ḃriocáin, a ḋuine uasail, agus is dóċa gur tusa Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile.

AN SEAḂAC.—Do ḃíoḋ an leas-ainm úd orm ag baile.

CORMAC (ag éirġe):

Raċad le fonn gurab toġa na ḃfear fionn
Seaḃaċ na Ceaṫraṁan Caoile,
An saraire cabarṫaċ, bronntaċ, fearaṁail,
Fonnṁar, flaiṫeaṁail, fionṁar,
Ṫar a maireann san doṁan ar ḋrom na talṁan,
D'ḟoġluim, ceart, nó dliġe ar biṫ,
'Sé ṫoġfainn mar roġa orṫa labairt mo ċneas-sa
Do ṫabairt ó'n gcroċ úd Ínse.

[Leigeann na saiġdiúirí gáir áṫasaċ asta].

AN SEAḂAC.—Is éaċtaċ an molaḋ é siúd.

CORMAC.—Do ṫuillis é, do ṫuillis é. Aċt féaċ, a ḋuine uasail, tá braoinín brannda agam annso. Bíos ċun é roinnt i measc na ḃfear, agus ó ṫárlaiḋ sé go ṫráṫaṁail go ḃfuil tú annso tógfaiḋ tú sáilín beag de agus ólfaimid go léir sláinte na gcarad d'ḟágamar 'n-ár ndiaiḋ i nUí Ḃriocáin.

AN SEAḂAC.—Ólfaiḋ mé an tsláinte úd cé ná fuil dúil mór agam i mbiotáille; aċt ná tabair dam aċt braoinín beag.

CORMAC.—Is breaġ, bríoġṁar an braon é seo, agus ní ḋéanfaiḋ sé ciotaiġe ar biṫ duit—is aṁlaiḋ do ċuirfiḋ sé ċun suain tú ar ball.

[Cuireann CORMAC rud éicint ins an gcorn i ngan ḟios do'n Seaḃac.]

AN SEAḂAC.—Seaċain anois, braoinín an-ḃeag dom-sa.

CORMAC.—Braoinín an-ḃeag ar fad. Faiġiḋ na cuirn, a ḃuaċaillí, go dtabarfaiḋ mé steall díb-se. Ha! ha! ha! is suairc na buaċaillí sib gan amras, agus is sultṁar an clear é siúd—clear na pluide. Seo díb an brannda.

AN SEAḂAC.—Ná tabair dóib é tar éis an méid do ḃeineadar ort ó ċianaib.

CORMAC.—Is le muinntearḋas liom a bíodar ag déanaṁ greine orm, a ḋuine uasail. Ṁaise naċ ar mo ṁuinntir ag baile do ḃeaḋ an t-áṫas anois dá mbeaḋ 'fios aca gur ḃuaileas tiġearna ar Ṡeaḃac na Ceaṫraṁan Caoile ċoṁ trátaṁail sin.

AN SEAḂAC.—Seo, a ḃuaċaillí, fá ṫuairim bur sláinte agus sláinte na gcarad d'ḟágamar n-ár ndiaiḋ i nUí Ḃriocáin, agus léirscrios ar na Gallpuic.

NA SAIĠDIÚIRÍ (ag éirġe)—'Seaḋ, léirscrios ar na Gallpuic agus ar náiṁdib na hÉireann agus Dia go deo le Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile.

[Cuireann AN SEAḂAC an corn le n-a béal. Riṫeann TAḊG isteaċ, beireann ar láiṁ an tSeaḃaic agus doirteann an deoċ.]

AN SEAḂAC.—Cad é seo i n-éan-ċor? An é Taḋg atá agam annso. Dé ariú, a Ṫaiḋg, a ḋuine boiċt, cad do ṫug ċugam tú?

TAḊG.—Buiḋeaċas mór le Dia go rabas i n-am. Beiriḋ ar an mbiteaṁnaċ úd agus ná leigiḋ uaib é. Ṫáinig sé ar do ṫóir ó Uí Ḃriocáin ċun tú do ṁarḃuġaḋ agus ċuir sé niṁ id' ḋiġ ḋuit.

AN SEAḂAC (ag féaċaint isteaċ san gcorn).—Tá púdar éigint ins an gcorn go háiriṫe; aċt cé hé seo, a Ṫaiḋg?

TADHG.—Mac Peig Ní Chorbáin. A' dtuigeann tú an scéal anois?

AN SEABHAC.—Is dócha gurb' í Eiblís do chuir ar mo thóir é.

TADHG.—Bhí cinnte de; acht bíos ró-ghasta dóibh.

AN SEABHAC.—Dar fiadh, a Thaidhg, acht do bheinn marbh anois mara'dh tú.

BRIAN.—Cad do dhéanfaimíd leis an bhfealltóir seo, a bhuachaillí?

SAIGHDIÚIR.—Tabhair dó an chroch.

SAIGHDIÚIR EILE.—Ceangail agus cuir ar an teine é.

DOMHNALL.—Stracaimís ó chéile é agús déinimís sprúadar dá chnámhaibh.

AN SEABHAC.—Ná leagaidh méar air. Fágaidh fúm-sa é.

[Éirigheann gleo mór agus tagann AN BRIANACH agus AN CAPTAON amach as an gcábán.]

AN BRIANACH.—Is millteach an cárábó atá ar siubhal agaibh annso. Cad tá oraibh, nó an ar meisce atá sibh go léir go bhfuil sibh chomh scléipeach soin?

AN SEABHAC.—Tá fearg orta, a Thighearna.

AN BRIANACH—Agus cad do chuir fearg orta?

AN SEABHAC.—Tháinig bitheamhnach annso chun deoch nimhe do thabhairt dom-sa, a Thighearna.

AN BRIANACH.—Deoch nimhe do thabhairt duit-se, an eadh! Cá bhfuil an bitheamhnach so?

AN SEABHAC.—Féach annsoin é.

AN BRIANACH.—Cé hé seo? Dar fiadh acht is é an fear a raibh an litir aige. Is diabhalta an gnó é seo.

AN CAPTAON.—Ná dubhras leat, a Thighearna, go raibh uisce fá thalamh dá dhéanamh?

AN BRIANAĊ.—Tar i leiṫ ċuġam annso, a ċlaḃ-aire ṁalluiġṫe. An raiḃ focal na faire agat ag teaċt go dtí an campa so?

CORMAC.—Ḃí, a ḋuine uasail.

AN BRIANAĊ.—Cé ṫug duit é?

CORMAC.—An Stacabólaċ, a ḋuine uasail.

AN CAPTAON.—An fear atá i n-arm Ṡasana, an eaḋ?

CORMAC.—An fear céadna, a ḋuine uasail.

AN CAPTAON.—Tá an-ḃáiḋ ag an Stacabólaċ so leis an gCuimíneaċ, a Ṫiġearna. Ná fuil, a Ṡeaḃaic?

AN SEAḂAC.—Teasbánann an corn so go bfuil.

AN BRIANAĊ (le Cormac).—Cionnus a' bfuair sé siúd focal na faire?

CORMAC.—Do ċuiris ceist orm, a ḋuine uasail.

AN BRIANAĊ.—Agus cionnus ar ṫug tú na cosa leat coṁ bog soin indiu?

CORMAC.—Ḃí buidéal branndа agam agus do ċuireas an saiġdiúir a ḃí im' ċoimeád ar meisce leis.

AN BRIANAĊ (le beirt saiġdiúir).—Beiriḋ liḃ siar an croċaire seo agus cuiriḋ fá ġlas daingean é. Croċfar i mbáireaċ é.

AN SEAḂAC.—Féaċ, a Ṫiġearna, ní hé seo atá cionntaċ aċt na daoine atá taoḃ ṫiar de. Scaoil uait é agus beiḋ mise réiḋ leis na claḃairiḃ eile ar ball.

AN BRIANAĊ.—Ná bí ag cainnt mar sin. Croċfar i mbáireaċ é. Agus caiṫfiḋ tusa aire ṁaiṫ do ṫaḃairt duit féin. Ḃí aṁras agam ort ó ċianaiḃ aċt tá aiṫṁéala orm anois. Féaċ, dein do ġnó go maiṫ i mbáireaċ agus cuiṁneoċaiḋ mise ort fá ḃeiṫ slán dúinn araon. Beannaċt leat. Siubail, a Ċap-taon, beiḋ sé 'n-a lá geal go gairid.

AN CAPTAON.—Beannaċt leat, a Ṡeaḃaic. Ḃí an bás an-ġairid duit anoċt; aċt nár leigiḋ Dia go mbeiḋ sé i ndán duit i mbáireaċ.

AN SEAḂAC.—Go n-éirġiḋ an t-áḋ liḃ araon.

[An Brianaċ agus an Captaon amaċ.]

TAḊG.—Ḃíos naċ mór ró-ḋéiḋeannaċ, a Ṁáiġistir.

AN SEAḂAC.—Do friṫis go maiṫ anoċt, a Ṫaiḋg, pé ar b'ann é. Tar i leiṫ annso go 'neosaiḋ tú an scéal ar fad dam. Aċt cia an ḃail atá ar Eiḃlín agus ar gaċ éinne ag baile?

[Airiġtear stoc dá séideaḋ amuiġ agus píob ṁór ag spreagaḋ ceoil.]

NA SAIĠDIÚIRÍ.—Fógraḋ an ċaṫa! Fógraḋ an ċaṫa! Furrá! furrá! furrá! (ag aṁrán):—

Dia go deo le slóġ na nGaeḋeal!
Dia go deo le coṁaċt a láṁ!
Dia ḋár seolaḋ, i gcóir an lae,
'Mun Ḃrianaċ croḋa ar Éirinn ḃáin!

RAḊARC-BRAT ANUAS.

AN TARNA RAḊARC.—Cosán tré ċoill. Airiġtear plaoscaḋ gunnaí mór agus gáirṫeaḋ agus gleo ó'n taoiḃ ṫiar. TAḊG agus EIḂLÍN isteaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe clé.

TAḊG.—Corruiġ, a Ṁáiġistreás, corruiġ.

EIḂLÍN.—A Ṫaiḋg, ní raġaiḋ mé níos sia leat. Tá an t-anam ag tuitim asam le neart faitċeasa. Cad do ṫug annso i n-éan-ċor mé?

TAḊG—Ní baoġal duit, a Ṁáiġistreás; ní call duit eagla ar biṫ a ḃeiṫ ort. Corruiġ, má's é do toil é. Dein.

EIḂLÍN.—Airiġim an talaṁ ag luascaḋ fá'm ċosaiḃ le pléascaḋ na ngunnaí mór. Tá siad an-ġairid dúinn anois.

TAḊG.—Tá siad níos fuide uait ná creideann tú. Bíoḋ misneaċ agat.

EIḂLÍN.—Is beag do ṡaoileas nuair d'ḟágas Uí Ḃriocáin go mbeinn i gceart-lár an ċogaiḋ annso.

TAḊG.—Dá mbeaḋ sinn i n-áirde ar an gcnocáinín úd ṫall is dóiġ liom go mbeaḋ amarc áluinn againn. Corruiġ, a Ṁáiġistreás.

EIḂLÍN.—Raġaiḋ mé an faid sin leat, aċt ní raġaiḋ me coiscéim níos fuide.

[TAḊG agus EIḂLÍN amaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe deise. CORMAC isteaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe clé.]

CORMAC.—Ha! ha! ha! Naċ tráṫaṁail do ḃuaileas trasna orṫa. Dar fiaḋ aċt ḃí an ceart ag Cáit Ḃuiḋe nuair duḃairt sí go n-éirġeoċaḋ liom. Cuinneoċaiḋ mé súil ar Eiḃlín anois agus ġeoḃaiḋ mé greim ar an Seaḃac ar ball (cuimiliġeann sé a láṁa dá ċéile le sásaṁ agus leigeann sé gáire bog as). "Croċfar i mbáireaċ é," ars' an tIarla—croċ árd lá gaoiṫe ċuige féin, ṁaise. 'Seaḋ, béarfaiḋ mé ar Eiḃlín ar dtúis agus cuirfiḋ mé fá ġlas í. Annsoin cuirfiḋ mé scéal ċuig an tSeaḃaic ag ráḋ leis go ḃfuil sí i ngéar-ḃruid. Tiocfaiḋ sé gan ṁoill agus beiḋ siad araon agam annsoin. Agus naċ iad Eiḃlís Craeċ agus An Stacabólaċ a ḃeiḋ buiḋeaċ díom. Seaḋ, agus nuair ġeoḃaiḋ mé an méid airgid atá geallta ḋam beiḋ mé gan uireasbaiḋ an tsaoġail orm go ḃráṫ arís, ḣa! ha! ha!

[CORMAC amaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe deise.]

RAḊARC-ḂRAT SUAS.

AN TRÍOṀAḊ RAḊARC.—Cnocán i measc na gcrann i gciuṁais coille. Gleo caṫa ó'n taoiḃ ṫiar.* TAḊG agus EIḂLÍN ar an gcnocán agus iad ag féaċaint ar an gcaṫ.

TAḊG.—Tá sé ag gabáil go cruaiḋ ar arm Laoisiġ, a Ṁáiġistreás.

Eiblín.—Ó go bfóiriḋ Dia orainn, a Ṫaiḋg.

Taḋg.—Tá na Sasanaiġ dá dtiomáint féin aníos mar ding isteaċ i gceart-lár airm na Frainnce ċun é do scoilt 'n-a dá leaṫ; agus má eirġeann leo brisfear an caṫ ar Laoiseaċ agus beiḋ léirscrios déanta.

Eiblín.—Is olc an scéal é sin; aċt nár leigiḋ Dia go n-eirġeoċaiḋ leis na Sasanaċaiḃ.

Taḋg.—Is baoġal liom go bfuil dearṁad éicint déanta indiu.

Eiblín.—Cá bfuil na hÉireannaiġ, nó cad tá siad a ḋéanaṁ?

Taḋg.—Deaṁan pioc, ṁaise. Tá siad ag seasaṁ go díoṁaoin taoḃ ṫiar de ċoill annsúd ṫall, agus ní raiḃ éin-ṗeaca riaṁ aċt iad d'ḟágaint annsúd agus a naṁad ag déanaṁ léirscris fá n-a súiliḃ.

Eiblín.—Is mór an feall é; aċt cé tá ciontaċ?

Taḋg.—Deaṁan a bfeadar; aċt dá bfuiġidís faill ar na Sasanaċaiḃ anois do scuabfaḋ siad as an tsliġe iad go díreaċ glan mar do scuabfaḋ an ġaoṫ dorn cáiṫe roimpi lá garḃ san Earraċ. Aċt éist! an airġeann tú éin-níḋ?

Eiblín (ag cur cluaise uirṫi féin).—Airiġim fuaim an-ċosaṁail le fuaim na fairrge nuair do ḃeaḋ na tonntraċa ag tuairgint go trom ar ċloċar Loċ Doṁnaill agus an ġaoṫ ag séideaḋ go dian aniar nḋeas.

Taḋg.—Screadġail na nGéanna Fiaḋain.

Eiblín.—Ní head aċt búiṫream leoṁan Ṫuaḋ-Ṁuṁan, tá siad scaoilte fá ḋeireaḋ.

Taḋg.—Tá an fuaim ag éirġe níos fíoċṁaire agus í ag druideaṁaint linn.

Eiblín.—A Ṫaiḋg, tá mo ċroiḋe im' ḃéal agam; ní ḟeadar a' bfuil éan-ḃaoġal orainn annso.

TAḊG.—Níl pioc, a Ṁáiġistreás, ná bíoḋ eagla ar biṫ ort. Aċt ní feadar cionnus tá an lá ag imṫeaċt anois—ha! éist leo airiú.

EIBLÍN.—Cad é sin, a Ṫaiḋg?

TAḊG.—Mór-ġáir do leigeadar asta. Dar fiaḋ aċt ċím anois iad. Féaċ orṫa, a Ṁáiġistreás. Ná feiceann tú iad? Agus is iad atá ag teaċt go tréan agus go boirb-neartṁar. Hó, hó! Tá siad ar sodar anois, aċt ní sodar i nDiaiḋ na huaisle é an uair seo aċt sodar i gcoinne na nGall-ṗoc. Tá na Sasanaiġ fé mar do ḃeaḋ claiḋe mór rompa san tsliġe aċt scuabfar i leaṫ-taoiḃ iad gan moill. Tá siad fé ṫréin-riṫ agus iad ag teaċt go fíoċṁar anois. Ní seasóċaḋ éan-ruḋ i gcoinne an ruaṫair sin. Beiḋ dearg-ár ann láiṫreaċ. Táid anuas orṫa fá ḋeireaḋ agus tá siad i n-aċrann 'n-a ċéile. Aċt tá na Sasanaiġ ag seasaṁ suas go dána leo. Tá na Gaeḋil dá mbruġaḋ agus dá mbascaḋ anois. Is éaċtaċ an léirscrios é. Tá na Sasanaiġ ag géilleaḋ. Fan, tá siad ag riṫ. Tá siad ag riṫ go díreaċ glan mar scata caoraċ roiṁ faol-ċoin. Furrá! furrá! furrá! Cuireaḋ an ruaig orṫa go glan.

EIBLÍN.—Míle molaḋ le Ríġ na Glóire.

TAḊG.—Éist, éist, a Ṁáiġistreás. An airiġeann tú?

GUṪANNA AMUIĠ.—Cuiṁniġiḋ ar Luimneaċ agus ar feill na Sasanaċ.

TAḊG.—Go neartuiġiḋ Dia liḃ; 'seaḋ cuiṁniġiḋ ar Luimneaċ agus ar feill na Sasanaċ.

EIBLÍN.—Aċt a' ḃfeiceann tú an Seaḃac i n-éan-ċor, a Ṫaiḋg.

TAḊG.—Níl sé le feicsint aċt cuirfiḋ mé geall go ḃfuil sé i dtosaċ na seadairí. Raġaiḋ mé ruḋ beag níos giorra dóiḃ, a Ṁáiġistreás.

EIBLÍN.—Ná déin, a Ṫaiḋg, ná déin.

TAḊG.—B'ḟéidir go bḟeicfinn an Seabac. Fan-se annso agus beiḋ mé ar ais ċugat láiṫreaċ. Seaċain anois agus ná corruiġ, a Ṁáiġistreás.

[Taḋg amaċ]

EIBLÍN.—A Ṫaiḋg, a Ṫaiḋg, ná fág annso mé im' aonar. Ó bó! bó! bó! Náċ dána atá sé? Agus cad do ḋéanfainn dá mbuailfeaḋ éinne trasna orm annso?

[CORMAC isteaċ.]

CORMAC.—Ní leigfead-sa d'éinne méar do leagaint ort, a Ṁáiġistreás. Ní beiḋ baoġal ort an faid atáim-se id' ḟocair.

EIBLÍN (go ruaiḋte).—Cormac na gCaoraċ.

CORMAC.—An buaċaill céadna, a Ṁáiġistreás, agus is maiṫ liom gur ḃuailear trasna ort mar táir i gcontabairt annso. Táir go deiṁin.

EIBLÍN.—I gcontabairt, a Ċormaic?

CORMAC.—Tá an caṫ ar siubal ṫart timċeall ort agus mairḃeoċar ṫú má ḟanann tú annso.

EIBLÍN.—Comraiġe m'anam ort, a Ċormaic, agus ná habair sin! Dá mbeaḋ Taḋg annso féin! Ní ḟeadar cad tá ag cur moille air.

CORMAC.—Siubail leat liom-sa, a Ṁáiġistreás, agus saorfaiḋ mé ar do ġéar-ḃruid tú.

EIBLÍN.—Ní ċorróċaiḋ mé cos go dtiucfaiḋ Taḋg.

CORMAC.—Seo, caiṫfiḋ tú teaċt liom-sa.

EIBLÍN (ag glaoḋaċ).—A Ṫaiḋg, a Ṫaiḋg.

CORMAC (ag bagairt uirṫi).—Féaċ, má leiġeann tú gíog eile asat gearrfaiḋ mé do scórnaċ ḋuit. Seo leat anois.

[Beireann CORMAC uirṫi agus stracann amaċ í ar ṫaoiḃ na láiṁe clé. CÁIT BUIḊE isteaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe deise.]

CÁIT.—Ḃí ḟios agam gur biṫeaṁnaċ a ḃí ann;

aċt beiḋ mise suas leis. Leanfaiḋ mé an buiḋeaċán go bfuiġiḋ mé cabair.

[Cáit amaċ ar ṫaoib na láiṁe clé; Taḋg isteaċ ar ṫaoib na láiṁe deise.]

Taḋg.—A Ṁáiġistreás, a Ṁáiġistreás, tar i leit go bfeicfiḋ tú na Sasanaiġ ag rit—dá mbeaḋ agat aċt éan-ġáire aṁáin do ḋéanfá é ag féaċaint orta. Ní faca mé riaṁ a leitéiḋ de spórt agus b'fiú teaċt ó Uí Ḃriocáin an radarc so d'feicsint. (Ag féaċaint 'n-a timċeall). Aċt cá bfuil sí aniú? Do ġlac sceannraḋ í, is dóċa. Ho! hó! Dia go deo lib a ṗreabairí; tabair dóib é. A Ṁáiġistreás, ní beiḋ baoġal ar bit ort annso adeir mé leat.

Guṫ Amuiġ.—Beiḋ baoġal ort-sa nuair ṫiocfaiḋ mé suas leat, a ṗleiḋce.

[Cormac isteaċ agus é ag féaċaint go himniḋeaċ tar a ġualainn. An tAṫair Gearóid isteaċ 'n-a ḋiaiḋ agus piostal 'n-a láiṁ aige. Eiblín agus Cáit Buiḋe isteaċ taob ṫiar de siúd arís.]

Taḋg (ag rinnce).—Ha! Dar fiaḋ aċt is breaġ é sin. Tá an ruaig orta go glan anois agus tá buaiḋte ag Laoiseaċ; aċt mara'ḋ na hÉireannaiġ bí an lá caillte.

An tAṫair Gearóid (ag gáirriḋe).—Tá an 'maḋán so ar a ṁeabair (téiġeann sé anonn ċuige). Cad tá ort, a Ṫaiḋg?

Taḋg.—An tAṫair Gearóid annso i bFlónndrás! Ní beiḋ deireaḋ le míorbailtib go bráṫ. Nár fágamar tusa 'n-ár n-diaiḋ i nUí Ḃriocáin. Agus an é siúd an croċaire malluiġte úd Cormac na gCaoraċ arís?

An tAṫair Gearóid.—Naċ deas an ċuma 'n-ar fágais an bean uasal so ó ċianaib. Bí sí fuaduiġte ag Cormac mara'ḋ Cáit boċt annso.

Taḋg.—Bíos ag féaċaint ar an gcaṫ, a Aṫair, a ċroiḋe, agus dá mbeiteá féin annso do beiteá ag

rinnce le háiḃéis ag féaċaint ar na héaċtaiḃ do ḋein na Géanna Fiaḋaine indiu.

AN tAṪAIR GEARÓID.—B'ḟearr liom-sa míle uair rud éigint mar é siúd d'ḟeicsint ag baile, a Ṫaiḋg.

TAḊG.—Agus liom-sa leis, a Aṫair. Aċt—cad é seo ċugainn anois? Sasanaċ agus brataċ aige. 'Seaḋ agus tá Éireannaċ 'n-a ḋiaiḋ. Seo, seo, druidiḋ siar agus béarfaiḋ mise air. Druidiḋ siar, adeir mé liḃ, druidiḋ siar.

[Téiġeann siad go léir ar an t-sliġe. Riṫeann ROIBEÁRD isteaċ éaduiġṫe mar fó-ċaptaon i n-arm Ṡasanna agus brataċ 'n-a láiṁ aige. Tagann AN SEAḂAC go dlúṫ ar a sálaiḃ. Preabann TAḊG amaċ agus beireann ar ROIBEÁRD. Sciobann AN SEAḂAC an brataċ uaiḋ. Bailiġeann saiġdiúiri AN tSEAḂAIC isteaċ. Féaċann na dearḃráiṫreaċa ar a céile.]

AN SEAḂAC.—Roibeárd!

ROIBEÁRD.—Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile!

AN SEAḂAC.—Tusa i n-arm Ṡasana!

ROIBEÁRD.—Seo duit mo ċlaiḋeaṁ.

[AN BRIANAĊ isteaċ.]

AN BRIANAĊ.—Tabair dom do láṁ, a Ċuimínig. Molaim go mór ṫú. Ḃí an Rí féin ag féaċaint ort agus ba ṁaiṫ leis rud éigint a ráḋ leat ar ball. Mairfiḋ do ċáil an faid a ḃeiḋ féar ag fás nó uisce ag riṫ le fánaiḋ.

AN tAṪAIR GEARÓID.—Agus molaim ṫú leis, a Ṡeaḃaic. Beiḋ t'ainm i n-áirde láiṫreaċ.

AN SEAḂAC.—An tAṫair Gearóid! Míle molaḋ le Dia na Glóire.

AN tAṪAIR GEARÓID.—Tá mo ċroiḋe go geal leat, a Ṡeaḃaic; aċt tá bean uasal annso go ḃfuil a croiḋe míle uair níos gile leat.

AN SEAḂAC.—Eiḃlín! Ní hí Eiḃlín atá leat.

EIBLÍN.—A Ṡeabaic! a Ṡeabaic!

[Riṫeann sí ċuige ag gáirṫe. Fáscann AN SEABAC le n-a ċroiḋe í agus leagann sisi a ceann go ceanasaċ ar a ġualainn.]

AN tAṪAIR GEARÓID.—Dia go deo le Seabac na Ceaṫraṁan Caoile.

NA SAIĠDIŪIRÍ.—Dia go deo le Seabac na Ceaṫraṁan Caoile, hurrá! hurrá! hurrá!

BRAT ANUAS.

An Ceaṫramaḋ Gníoṁ.

An Raḋarc—Páirc ṁór leaṫan le hais Cille Ċrocáin. Eiblín agus Roibeárd ag cainnt le ċéile.

ROIBEÁRD.—Is maiṫ liom gur ṫáinġís, a Eiblín, mar do ḃíos ag lorg aga le fada ċun rud éicint a ráḋ leat.

EIBLÍN.—Cad mar ġeall air, a Roibeáird?

ROIBEÁRD.—Ṫugas fá ndeara ná raḃais ar fóġnaṁ le déiḋeannaiġe. Is baoġal liom go ḃfuil tú ag géar-ċaoi fós ar ḃás an tSeaḃaic agus go ḃfuil sé sin ag goilleaṁaint ar do ṡláinte.

EIBLÍN.—Á mo ḃuaiḋirt agus mo ḃrón! do ġoill bás an ḟaraire uasail go mór orm agus tá smúit ar mo ċroiḋe ná glanfaiḋ de go bráṫ. Do múċaḋ an solus orm an lá do ṫáinig an scéal a baile go raiḃ sé marḃ; agus fágaḋ mé gan tréine gan treoir ó ṡoin.

ROIBEÁRD.—Níḋ naċ iongantaċ; aċt féaċ, a Eiblín, do ġoillfeaḋ sé go mór orm-sa dá mbainfeaḋ éan-rud duit-se anois.

EIBLÍN.—Ḃí-se go han-ċeanaṁail ar an Seaḃac, a Roibeáird; agus nuair ḃí gaċ éinne 'n-a ċoinne ḃí tusa ar a ṫaoiḃ.

ROIBEÁRD.—Ḃíos, agus baḋ ṁór é mó ḃrón agus baḋ ġéar é mo ċumaḋ nuair do cailleaḋ é; aċt do ṁairḃeoċaḋ sé ar fad mé anois dá mbeirfeaḋ an t-éadóċas greim ort-sa.

EIBLÍN.—Ḃí croiḋe mór fial agat i gcoṁnaiḋe, a Roibeáird.

ROIBEÁRD.—Do ċuaiḋ sé tríom go mór an tubaiste agus an butún do ḃuail id' ṫreo-sa i dtosaċ do ṡaoġail agus do ġlacas truaġ an doṁain duit.

EIBLÍN.—Ní gáḃaḋ ḋuit é sin a innsint dam, a Roibeáird.

ROIBEÁRD.—Agus anois, a Eiblín, caiṫfiḋ mé rún beag a sgaoileaḋ ċugat.

EIBLÍN.—Cér'd é sin, a Roibeáird?

ROIBEÁRD.—Ní call dam a ráḋ leat go ḃfuil árd-ṁeas agam ort agus go mb'ḟearr liom míle uair mo ṫeanga do ġearraḋ as mo ċeann ná éan-rud a ráḋ leat a ṫabarfaḋ eas-onóir duit, nó a ċuirfeaḋ tré n-a ċéile tú.

EIBLÍN.—Ní ċreidfinn go ḃféadfá a leiṫéid de rud a ḋéanaṁ, a Roibeáird.

ROIBEÁRD.—Táim buiḋeaċ ḋíot i dtaoḃ na muiniġne atá agat asam.

EIBLÍN.—Aċt cad é seo atá agat le ráḋ liom, a Roibeáird?

ROIBEÁRD.—Dubras leat anois láiṫreaċ gur ġlacas truaġ an doṁain duit nuair ṫáinig an sgéal a ḃaile go raiḃ an Seaḃac boċt fá'n ḃfód.

EIBLÍN.—Dubrais, agus beiḋ cuiṁne agam ar do ḃáiḋ agus ar do ċarṫannaċt go ragaiḋ mé féin san úir.

ROIBEÁRD.—'Seaḋ; aċt, a Eiblín, tá rud éicint eile im' ċroiḋe seaċas truaġ ḋuit, le déiḋeannaiġe.

EIBLÍN.—Cad tá ort, a Roibeáird? Cad tá ort, nó cad é an sórt cainnte é sin?

ROIBEÁRD.—Tá sé im' ċeann agam anois le fada a ḟiafruiġe ḋíot an mbeiṫeá sásta mise do ṗósaḋ i gceann tamaill.

EIBLÍN.—A Roibeáird, a Roibeáird, aṫċuinġim ort gan focal eile a ráḋ i dtaoḃ na ceiste seo anois. Do ṫugas geallaṁaint do'n Seaḃac ag imṫeaċt dó ná pósfainn éinne eile go bráṫ dá mbainfeaḋ éan-rud dó.

ROIBEÁRD.—Dá bḟéadfaḋ sé labairt leat anois do ḟaoirfeaḋ sé ó'n ngeallaṁaint sin tú, agus do ċomairleoċaḋ sé ḋuit a ḋéanaṁ mar táim-se a d'iarraiḋ ort.

EIBLÍN.—Agus rud eile, a Roibeáird, is minic ḃíonn sé im' ċeann agam le déiḋeannaiġe go mb'ḟéidir ná fuil sé marḃ i n-éan-ċor.

ROIBEÁRD.—Ní ḟuaramar tásc ná tuairisc air anois le dá ḃliaḋain aċt aṁáin scéal a ḃáis; agus dá mbeaḋ sé 'n-a ḃeaṫaiḋ do ḃeaḋ scéal faġta agat-sa uaiḋ fada roiṁe seo—ná beaḋ?

EIBLÍN.—Baḋ ḃeag é cruinneas an teaċtaire do ṫug an scéal ċugainn; aċt pé beo nó marḃ é, ní féidir liom a ċuiṁne do leigint as mo ċeann. Náċ le súil go bḟuiġinn tuairisc éicint air do ṫángas annso indiu—á, ní fonn spóirt a ḃí orm.

[AN tAṪAIR GEARÓID isteaċ].

AN tAṪAIR GEARÓID.—Bail ó Ḋia oraiḃ! bail ó Ḋia oraiḃ! aġus cé tá agam annso? Eiblín Ní Ġormáin—plúr na mban—agus Roibeárd. Cia an bail atá oraiḃ araon?

ROIBEÁRD.—Céad míle fáilte roṁat a ḃaile arís, a Aṫair Ġearóid.

EIBLÍN.—A Aṫair Ġearóid, a Aṫair Ġearóid, a' bḟuil éin-scéal agat ó'n Seaḃac?

AN tAṪAIR GEARÓID.—A' bḟuair siḃ-se éin-scéal uaiḋ le déiḋeannaiġe?

ROIBEÁRD.—Ṫáinig saiġdiúir a ḃaile ó'n bḞrainnc go Tuaiṫ Uí Ruaḋáin anuraiḋ agus ḃí sé mar scéal aige go raiḃ an Seaḃac curṫa.

Eiḃlín.—A' ḃfaca tusa i n-éan-ċor é le déiḋeann-aiġe, a Aṫair Ġearóid?

An tAṫair Gearóid.—Ní ḟaca mé anois é le breis agus bliaḋain, aċt is baoġal liom go raiḃ úġdarás éicint le scéal an traiġdiúra.

Eiḃlín.—Á, a Aṫair Ġearóid, táim suiḋte ḋe im' ċroiḋe istiġ go ḃfuil fios gaċ éin-níḋ agat-sa aċt baḋ ṁaiṫ leat an scéal a scaoileaḋ ċuġainn beagán ar ḃeagán. Cad do ḃain dó, a Aṫair?

An tAṫair Gearóid.—Do leagaḋ ar lár é le poc trom teinnis—slán beo buan a ḃeimíd go léir. A Eiḃlín, a ċroiḋe, bíoḋ misneaċ agat.

Eiḃlín.—Táim ag caoi mo ġráḋ ġil le bliaḋain agus níl an scéal so ag teaċt go hobann orm. Seo leat, a Aṫair.

An tAṫair Gearóid.—Ḃí sé ar leabaiḋ a ḃáis nuair ḃíos ag cainnt leis agus ṫug sé ḋam an beirtín seo ċun é do ḃreiṫ a ḃaile ċuġat-sa.

[Tugann sé an beirtín d'Eiḃlín agus oscluiġeann sise é].

Eiḃlín.—Á mo ṁíle buaiḋirt! Tá an fáinne ar fad agam anois; aċt cuirfiḋ mé an dá leaṫ le ċéile agus caiṫfiḋ mé an fáinne i ndíl-ċuiṁne an tSeaḃaic. (ag siuḃal amaċ ar ṫaoiḃ na láiṁe deise) Go ndeiniḋ Dia trócaire ar t' anam, a Ṡeaḃaic, a stóir, agus Dia beaṫa grásta Dé.

An tAṫair Gearóid.—Ár ndóiġ ní ag imṫeaċt atá tú, a Eiḃlín!

Eiḃlín.—Ní heaḋ, a Aṫair. Raġaiḋ mé síos go dtí an tobar beannuiġṫe go fóil agus b'ḟéidir go dtiucfainn ar ais ar ball.

Eiḃlín amaċ.

An tAṫair Gearóid.—Á, a Eiḃlín, a leinḃ, is truaġ Ṁuire tú indiu. Agus, a Roibeáird, is baoġal liom go mbéarfaiḋ an galar dubaċ uirti.

ROIBEÁRD.—Tá an eagla céadna orm-sa, a Aṫair.

AN tAṪAIR GEARÓID.—Is mór í mo ṫaiṫiġe ar an saoġal anois idir suaiṁnear agus gleo, síoṫċáin agus cogaḋ, agus níor casaḋ orm riaṁ fós éin-ḃean uasal a ṡáruiġ uirṫi i gceannsaċt ná i moḋaṁlaċt, agus is mór an truaġ é go ḃfuil sí claoiḋte mar atá sí indiu.

ROIBEÁRD.—Is fíor duit, a Aṫair, agus do ṗósfainn i mbáireaċ í dá mbeaḋ sí sásta.

AN tAṪAIR GEARÓID.—Dar mo ḃriaṫar, a Roibeáird, aċt ní ḟéadfá cuiṁneaṁ ar leiġeas ní b'ḟearr. Aċt leig di go fóil go laiġdeoċaiḋ truimeaċt an ḃróin, agus socróċaiḋ mise gaċ éan-rud go deas díḃ. Tá's agat go ḃfuil taiṫiġe mór agam-sa ar a leiṫéid seo de ġnó le dá ḟiċid bliaḋain, ha! ha! ha!

ROIBEÁRD.—Is éadtrom an croiḋe atá agat, a Aṫair Ġearóid, bail ó Ḋia ort.

AN tAṪAIR.—Agus is minic do ḃí an croiḋe sin cráiḋte go leór, a Roibeáird; aċt ní ḋeineann gruaim mórán maiteasa d'éinne.

ROIBEÁRD.—Ar ċuir an Seaḃac éin-teaċtaireaċt ċuġam-sa, a Aṫair Ġearóid?

AN tAṪAIR GEARÓID.—Do ċuir sé na páipéirí seo ċuġat.

ROIBEÁRD.—Cad iad seo, airiú?

AN tAṪAIR GEARÓID.—Is dóiġ liom go ḃfuil léas gaḃaltais t'aṫar annsúd agus scríḃneoireaċt ó'n Seaḃac féin ag bronnaḋ gaċ éan-rud ort-sa a ḃí ag teaċt ċuige féin do réir cirt agus dliġe.

ROIBEÁRD.—Á, mo ḋuine boċt! Aċt cá ḃfuair sé an léas? Ḃíos féin suiḋte de gur dóiġeaḋ é le leaḃraiḃ m'aṫar.

AN tAṪAIR GEARÓID.—Is aṁlaiḋ do ġoid Peig

Ní Ċorbáin an léas. Do ċaill sise é agus fuaras féin é go tráṫaṁail. Ní raiḃ aga agam é do ṫabairt dod' aṫair sul ar cailleaḋ an fear boċt.

ROIBEÁRD.—Is 'moḋó rud a tuigim anois a raḃas dall orṫa roiṁe seo. Agus do ċuir an Seaḃac boċt an léas a ḃaile ċugam-sa!

AN TAṪAIR GEARÓID.—Do ċuir agus a seaċt míle beannaċt leis.

ROIBEÁRD.—Aċt a' ḃfuil fios agat, a Aṫair Ġearóid, cia an ċiall a raiḃ mioscais ċoṁ mór soin ag Peig i gcoinne mo ṁuinntire-se?

AN TAṪAIR GEARÓID.—Do ċreid Peig éan-uair aṁáin go bpósfaḋ t'aṫair í.

ROIBEÁRD.—Go bpósfaḋ m'aṫair Peig Ní Ċorbáin, an eaḋ?

AN TAṪAIR GEARÓID.—'Seaḋ, agus, a Roibeáird, do ḃí lá ag Peig agus ní raiḃ cailín ní ba ḃreaġṫa i nUí Ḃriocáin 'ná í.

ROIBEÁRD.—Is iongantaċ an t-aṫruġaḋ do ṫáinig uirṫi; agus is dóċa gurḃ' é an fuaṫ do ḃí 'n-a croiḋe aici máṫair an uilc ar fad.

AN TAṪAIR GEARÓID.—Ḃí cinnte de;—aċt cé hiad seo ċugainn anois?

ROIBEÁRD.—Na daoine ag bailiuġaḋ ċuig an patrúin. Beiḋ an-spórt ar siuḃal annso ar ball, mar beiḋ mise ag dul i gcomórtas leis an Stacaḃólaċ.

[Dream daoine isteaċ—beirt anois, triúr arís, agus mar sin de. Seasann cuid aca ag cainnt le n-a ċéile agus siuḃlann cuid eile aca anonn 's anall.]

AN TAṪAIR GEARÓID.—Agus a' mbéiḋ an biṫeaṁnaċ úd annso? A Roibeáird, seaċain tú féin ar an gclaḋaire ċealgaċ úd.

ROIBEÁRD.—Is beag an caidreaṁ a ḃí agam-sa riaṁ leis.

An tAṫair Gearóid.—Is mór liom a laiġead, agus ná bíoḋ a tuilleaḋ agat leis.

Roibeárd.—Agus ní ṫórfá cé ḃeiḋ annso?

An tAṫair Gearóid.—Ní ḟeadar mé.

Roibeárd.—An Captaon.

An tAṫair Gearóid.—Captaon Uaiṫne?

Roibeárd.—An fear céadna. Do casaḋ orm i nInis Díomáin é an lá fá ḋeireaḋ agus do ṫugas cuireaḋ ḋó teaċt annso indiu.

[Taḋg isteaċ.]

Taḋg.—Agus an é seo an tAṫair Gearóid atá ag baile arís? Tá seaċt gcéad míle fáilte rómat, a Aṫair, agus 'sé mo ċroiḋe atá geal leat; 'sé go deiṁin. Aċt an fíor é go ḃfuil an Seaḃac boċt curṫa san ḃFrainnc, a Aṫair?

An tAṫair Gearóid.—Tá aiṫṁéala orm a ráḋ leat go ḃfuil, a Ṫaiḋg.

Taḋg.—Á, go ndeiniḋ Dia trócaire ar a anam, agus is diṫ ḋúinn an bile fá'n ḃfód. Caḃair Dé ċugainn.

[Eiḃlís, an Stacaḃólaċ agus daoine eile isteaċ.]

Eiḃlís.—Níl tosnuiġte agaiḃ fós! Cad tá ag cur moille oraiḃ?

Roibeárd.—Ḃíomar ag fanaċt liḃ-se; aċt tosnóċaimíd láiṫreaċ. Ḃfuil tú réiḋ, a Stacaḃólaiġ? Tá an ċloċ annso.

An Stacaḃólaċ.—Bain-se an ċéad iarraċt aisti.

Roibeárd.—Tosnuiġ tusa, ma's é do toil é.

An Stacaḃólaċ (le hEiḃlís).—Is baoġal liom go ḃfuil faitċíos ar Roibeárd go mbuaiḋfiḋ mise air.

Eiblís.—B'féidir anois go dtaḃarfaḋ sé do ḋaoiṫint mór le déanaṁ duit. Seo, seo, tosnuiġiḋ.

[Baineann an Stacaḃólaċ a ċóta ḋe agus cuireann sé é féin i gcóir agus mór-ċúis an doṁain faoi.]

An Stacaḃólaċ (le hEiblís).—Ná dubrais ó ċianaiḃ go mbeaḋ Eiblín Ní Ġormáin annso? Is dóiġ liom go ndéanfainn i bḟad níos fearr dá mbeaḋ sí ag féaċaint orm.

Eiblís.—Beiḋ sí annso ar ball.

Roibeárd.—Ní ró-ṁór é an meas atá aici ort-sa is baoġal liom.

An Stacaḃólaċ.—Agus is baoġal liom-sa go bḟuil an t-éad ag gabáil duit-se.

Eiblís.—Cuiriḋ uaiḃ agus tosnuiġiḋ.

An Stacaḃólaċ.—Ní raiḃ an iomarca taṫaiġe agam ar an ngnó so le déiḋeannaiġe, aċt seo—

[Caiṫeann an Stacaḃólaċ an ċloċ.]

Roibeárd.—Ḋeinis go han-ṁaiṫ an ċéad iarr-aċt. Beir i leiṫ ċuġam an ċloċ úd.

Taḋg.—Cuiṁniġ ar ċáil do ṡinnsir, a Ṁáiġistir.

[Caiṫeann Roibeárd an ċloċ agus buaiḋeann sé ar an Stacaḃólaċ. Leigeann na daoine gáir áṫasaċ asta.]

Na Daoine.—An Cuimíneaċ a buaiḋ! An Cuimíneaċ a buaiḋ!

An Stacaḃólaċ.—Baḋ ṁaiṫ an t-urċur é siúd, a Ċuimíniġ, aċt féaċ a' mbeiḋ sé i gcumus duit teaċt suas leis an urċur so.

[Caiṫeann an Stacaḃólaċ an ċloċ agus buaiḋeann sé ar Roibeárd.]

Roibeárd.—An é sin do ḋíċeall?

An Stacaḃólaċ.—'Neosaiḋ mé sin duit ar ball. Dein-se níos fearr anois.

ROIBEÁRD.—Baḋ beag é mo lúṫ mara mbeaḋ sé im' ċumus urċur níos fearr do ċaiṫeaṁ.

[Baineann ROIBEÁRD iarraċt eile ar an gcloċ aċt teipeann air urċur AN STACABÓLAIĠ do sárúġaḋ.]

EIBLÍS.—Cad tá ort, a Roibeáird? Ó faire, faire! ní'l lir ag déanaṁ do ḋíċill i n-éan-ċor indiu.

ROIBEÁRD.—Do ṡleaṁnuiġ mo ċos uaim, aċt bainfiḋ me iarraċt eile ar an gcloċ.

[Caiṫeann ROIBEÁRD an ċloċ aċt teipeann air arís.]

AN STACABÓLAĊ.—Níor ṡleaṁnuiġ do ċos uait an uair sin, a Ċuimíniġ. Seo, cuir uait, tá buaiḋte agam ort.

ROIBEÁRD.—Fan go fóill, tá iarraċt eile agam.

EIBLÍS.—B'ḟéidir go mbeaḋ an t-áḋ ar an tríoṁaḋ iarraċt. Seo leat, a Roibeáird.

ROIBEÁRD.—Ní ḟeadar cad tá orm indiu.

AN STACABÓLAĊ.—Tá sé ḋom ṁaiṫ duit éirġe as agus é aḋṁáil go ḃfuil buaiḋte agam ort.

ROIBEÁRD.—Ní'l buaiḋte agat orm fós. Cuirfiḋ mé geall leat go sároċaiḋ mé ar t'urċur an uair seo.

[CAPTAON MAC DONNĊAḊA, a ġiolla agus EIBLÍN isteaċ.]

AN STACABÓLAĊ.—Cad é an ġeall a ċuirfiḋ tú liom?

ROIBEÁRD.—Cuirfiḋ mé mo ġaḃaltas ar fad leat.

EIBLÍS.—A Roibeáird, cad tá ort?

AN STACABÓLAĊ.—Aċt ní'l éin-éileaṁ agat-sa ar an áit seo.

ROIBEÁRD.—Tá léas na háite annso agam im' ṗóca agus ní ḟéadfaḋ éinne éileaṁ níos láidre do ḃeiṫ aige.

EIḂLÍS (i leaṫ taoiḃ).—An léas! Aċt cá ḃfuair sé é, ní ḟeadar?

AN STACABÓLAĊ.—Bíoḋ sé 'n-a ġeall mar sin. Seo leat.

[Caiṫeann ROIBEÁRD an ċloċ aċt teipeann air arís urċur an Stacabólaiġ do ṡárúġaḋ.]

ROIBEÁRD.—Tá buaiḋte agat orm go glan; seo ḋuit an léas.

EIḂLÍS (scannruiġṫe).—A Roibeáird, a Roibeáird, cad tá déanta agat? Ó ḃó! ḃó! ḃó! Tar éis an ṁéid do ḋeinear ċun na háite do ċoimeád duit tá sí imṫiġṫe anois.

AN STACABÓLAĊ.—Ḃí 'ḟios agam-sa go maiṫ ná raiḃ sé i gcumas dó buaḋċaint orm-sa. Seaḋ (go maoiḋteaċ) agus níl fear ar an bpáirc seo indiu nó i nUí Ḃriocáin ar fad a d'ḟéadfaḋ buaiḋ ḟáġáil orm-sa.

AN CAPTAON.—Is beag a ċreidim-se ded' ġlór. Ná labair ċoṁ dána soin, a ṁic ó; ní raiḃ id' ċoinne aċt garsún. Aċt tá giolla annso agam-sa agus cuirfiḋ me mo ġaḃaltas leat i gcoinne léasa an Ċuiminiġ go mbuaiḋfiḋ sé ort go bog.

AN STACABÓLAĊ.—Cé hé seo?

AN CAPTAON.—Fear a d'ḟág rian a ċlaiḋiṁ ort-sa san bḞlónndras.

ROIBEÁRD.—'Sé Captaon Mac Donnċaḋa atá ag cainnt leat.

AN CAPTAON.—Cad deir tú, a Stacabólaiġ?

AN STACABÓLAĊ.—Bíoḋ sé i n-a ġeall. Cá ḃfuil an fear so?

AN CAPTAON.—Gaḃ i leiṫ annso, a Ḋonnċaḋ. Bain-se an ċéad iarraċt ar an gcloiċ, a Stacabólaiġ.

AN STACABÓLAĊ.—Táim sásta. Beir ċuġam an ċloċ.

[Caiṫeann AN STACABÓLAĊ an ċloċ arís.]

AN CAPTAON.—Anois, a Ḋonnċaḋ, agus ní ṫabarfaiḋ mé ḋuit aċt éin-iarraċt aṁáin. Dein do ḋíċeall anois.

[Caiṫeann an giolla an ċloċ, buaiḋeann sé ar an stacabólaċ, agus leigeann na daoine mór-ġáir asta.]

TAḊG.—A Aṫair Ġearóid, a' ḃfeacaís an ċaoi n-ar ċaiṫ an fear úd an ċloċ? Do ċreidfeaḋ éinne gurab é an Seaḃac féin a ḃí ann.

AN tAṪAIR GEARÓID.—Fear breáġ scaoilte 'seaḋ é go háiriṫe agus bainfiḋ sé an mórċúis de'n Stacabólaċ anois.

AN STACABÓLAĊ.—B'éaċtaċ an t-urċur é sin. B'ait liom iarraċt eile do ḃaint as.

AN CAPTAON.—Is féidir leat a ḃeiṫ ag gaḃáil dó anois go meaḋán oiḋċe, má's maiṫ leat é, aċt sin a mbeiḋ agat dá ḃárr.

TAḊG.—Aċt cér'd é seo ċugainn anois?

[Peig Ní Ċorbáin agus Cormac na gCaoraċ isteaċ, a láṁa ceangailte le ċéile le slabraḋ, croiceann caorac ar a ġualainn ag Cormac agus beirt saiġdiúir taoḃ ṫiar díoḃ.]

ROIBEÁRD.—Cad do ḋeineadar so ar an tsliġe?

SAIĠDIÚIR.—Do ġoideadar caora aṫruġaḋ aréir agus fuaramar croiceann agus cnáṁa na caorac foluiġṫe ins an tiġ aca.

TAḊG.—Do tuit mallaċt an Aṫar Gearóid orta.

AN tAṪAIR GEARÓID.—Éist do ḃéal, a 'maḋáin níor ṫugas mo ṁallaċt d'éinne riaṁ.

TAḊG.—An cuiṁin leat an oiḋċe do ḃí an Seaḃac boċt ag imteaċt nuair do leagadar tú? Cad duḃairt tú leo?

AN tAṪAIR GEARÓID.—Ní cuiṁin liom é, a Ṫaiḋg.

ᏆᎪᎠᏩ.—"Ꭰeaꞃᵹ-náiꞃe ċuᵹaiḃ lá aonaiᵹ aᵹuꞅ maꞃᵹaiḋ" aꞅꞅa tuꞅa aᵹuꞅ tá deaꞃᵹ-náiꞃe ꝼaᵹta aca inↄiu.

AN TAṪAIR ᏩEARÓID.—Ní ṫáiniᵹ ꞅé óm' ċꞃoiḋe, a Ṫaiḋᵹ.

[Sleaṁnuiᵹeann an STACABÓLAĊ leiꞅ aꞅ an ᵹcoṁtalán.]

PEIᏩ.—A Ṁaiᵹiꞅtꞃeáꞅ, a Ṁáiᵹiꞅtꞃeáꞅ, atċuinᵹim oꞃt ᵹan leiᵹint dóiḃ ꞅinn-ne do ḋaoꞃaḋ. Ná déin, a Ṁáiᵹiꞅtꞃeáꞅ, ná déin, a ċꞃoiḋe.

[An ᵹiolla amaċ i ndiaiḋ an STACABÓLAIᵹ.]

CORMAC.—A Ṁáiᵹiꞅtꞃeáꞅ, cuiṁniᵹ ᵹuꞃ ċuaḋaꞅ ᵹo dtí an Ḟꞃainnc duit ċun an tSeaḃaic do ċuꞃ aꞅ an tꞅliᵹe.

EIBLÍS (leiꞅ na ꞅaiᵹdiúiꞃiḃ).—Ᏼeiꞃiḋ liḃ na biteaṁnaiᵹ ꞅeo aꞅ aꞃ ꞃaḋaꞃc, níl éan-aiṫint aᵹainne oꞃṫa.

PEIᏩ.—Ꭰ'ḟéidiꞃ ᵹo laḃaꞃꝼaḋ an Stacaḃólaċ aꞃ áꞃ ꞅon, a Ċoꞃmaic. Á ṁaiꞅe, coṁꞃaiᵹe Ꭰé oꞃt aᵹuꞅ déin, a ḋuine uaꞅail.

SAIᏩDIÚIR.—Seo, biḋiḋ aᵹ bꞃuᵹaḋ; ꞅeo liḃ.

[PEIᏩ, CORMAC aᵹuꞅ na SAIᏩDIÚIRÍ amaċ]

ROIBEÁRD.—M'anam ó'n ꞃaꞅc aċt tá an Stacaḃólaċ imtiᵹte aᵹuꞅ an léaꞅ aiᵹe. Ḟéaċ aiꞃ aᵹ ꞃiṫ ꝼá ḋéin a ċapaill aᵹuꞅ an ᵹiolla ᵹo dlúṫ aꞃ a ḟálaiḃ. Tá beiꞃṫe aᵹ an nᵹiolla aiꞃ. Ta ꞅiad aᵹ tꞃoid le n-a ċéile. Tá an Stacaḃólaċ aꞃ láꞃ aᵹuꞅ ᵹan coꞅ aꞅ. Seo ċuᵹainn an ᵹiolla aꞃíꞅ aᵹuꞅ an léaꞅ aiᵹe; aċt tá ꞃud éiᵹint aꞃ an Stacaḃólaċ iꞅ baoᵹal liom. Tá ꞅúil aᵹam ná ꝼuil ꞅé ᵹoꞃtuiᵹte.

[An ᵹiolla iꞅteaċ.]

AN CAPTAON.—Ᏼꝼuil éan-ꞃud aꞃ an Stacaḃólaċ, a Ḋonnċaḋ?

An Giolla.—Níl pian ná tinneas air, a Ṁáiġistir. (I leaṫ-taoiḃ) Ní ċuirfiḋ sé deoċ niṁe i gcóir d'éinne arís. (Le Roibeárd) Seo ḋuit do léas, a ḋuine uasail.

Eiḃlís.—Támaoid fá ċomaoin ṁóir agat, a ḋuine ṁaiṫ.

Roibeárd.—Támaoid, go deiṁin, agus táim-se go han-ḃuiḋeaċ dó leis.

An Giolla.—Agus tá rud éigint agam duit-se annso, a Ṁáiġistreás.

[Síneann an giolla páipéar ċúiċi agus féaċainn sisi air.]

Eiḃlís (go suaiḋte).—Cad é seo, cad é seo?

An Giolla.—Tá agat anois rud do ṫeastuiġ uait go mór tamall ó ṡoin.

Eiḃlís (ag féaċaint go géar air).—Cé hé tusa? (I leaṫ-taoiḃ) Cá'r airiġeas an glór úd ċeana?

An Giolla (ag baint de a ċáiḃín agus an liab atá ar a leaṫ-ṡúil aige).—Is dóċa go ḃfuil aiṫint agat ar Ṡeaḃac na Ceaṫraṁan Caoile.

Na Daoine go léir.—Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile!

Eiḃlís (scannruiġṫe).—Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile 'n-a ḃeaṫaiḋ!

Eiḃlín (ag riṫ ċuige).—A Ṡeaḃaic! a Ṡeaḃaic, a stóir! na mílte fáilte roṁat! Ḃí súil agam i gcoṁnaiḋe go ḃfillfeá arís ċuġam. Dia ḃeaṫa ċuġainn, a ċroiḋe.

Taḋg (ag rinnce)—A Aṫair Ġearóid, an ag magaḋ fúinn a ḃís? An Seaḃac ag baile 'n-a ḃeaṫaiḋ arís! Míle molaḋ le Dia. Ní raiḃ a leiṫéid de lá i nÉirinn riaṁ roiṁe seo.

[Riṫeann Taḋg ċuige, beireann ar a láṁaiḃ agus pógann iad.]

Eiḃlís.—Á, do ḋeineas éagcóir mór ort, go

maiṫiḋ Dia ḋam é. Cad tá orm? Teirtiméireaċt an ṗórta! A Ṡeaḃ—A—Ṡeaḃaic—na—na—Dia lem' anam!

[Tuiteann Eiblís i bfanntaisne agus tugtar i leaṫ-taoiḃ í. Téiġeann An tAṫair Gearóid amaċ 'n-a ḋiaiḋ.]

ROIBEÁRD.—A Ṡeaḃaic, ní féidir liom fáilte do ċur roṁat, tá áṫas ċoṁ mór sin orm. Bíoḋ an áit ar fad agat anois.

AN SEAḂAC.—Tá mo ċuid féin de'n tsaoġal annso agam agus táim sásta.

TAḊG—Fad saoġail ċuġaiḃ araon agus Dia go deo le Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile!

NA DAOINE GO LÉIR.—Dia go deo le Seaḃac na Ceaṫraṁan Caoile!

[An tAṫair Gearóid isteaċ.]

AN tAṪAIR GEARÓID.—Scuiriḋ de'n liúġraiġ seo. A Roibeáird, a ṁic, bíoḋ misneaċ agat. A ḋaoine mo ċroiḋe, tá Eiblís Craeċ ins an tsíorraiḋeaċt.

BRAT ANUAS.

A ĊRÍOĊ.

LIBRARY
7 JUL 1978
UNIVERSITY OF TORONTO

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY